EIST a'Israel, js mese jehouah do dhiadhsa, neoch do threoraigh amach thusa atalamh na heghipte, ateaghas na serbhontadh: Na biodh aon dona déibh ele agad um fhiadhnaise.

137. Anois cuir síos seadh na bhfocal?

Ar tús ata sé agnathughadh mhéc samhla tiondscanta égin gus an lagh go léir: óir an tan ainmeochas sé é fén jna Iehouah; ata se agabhail córa, & ughdarais chuige fén do chur aithne amach: jna dhiaidh sin do chosnamh fobhair dá lagh fén jnar bhfochairne ata sé acur les gurab é fén ar ndíane: oír is ojread js fíu na focailse, & go ngoireand sé ar slanaighthoirne dhe fén, & os airidhe les sind ar an

deaghthioghlacladhsa js cneasda dhúinne fa gcuairt sind fén do thabairt jnar bpobal umhal fregarach dhósan.

138. Acht anj ata arna cur les go prap jna dhiaidh so adtimchiol saortha, & briste cuinge na daoirse Eyphtigh do bhi arna briseadh, nach ris an bpobal Israelta, & go demhin riosan amhain bheanas é go hairidhe?

Admhuim gúrabeadh; an méd bheanas ris an gcorp; acht ata gné ele shaortha and, neoch fhearus argach aon duine go coimhchert: oir do shaor, & do theasairc sé sínd ó dhaoirse Spioradalta peacaidh, & ó fhoirégin, & fhoirneart an diabhaill.

[TD 37]

139. Creud far chuimhnigh sé a'ni sin an tan do bail les a luadh adtosach a lagha?

Do chum go dtugadh sé comhrabhadh dhuínn go mbimis ciontach a neamhbuidhchus ro adhbhal; muna toirbheram sind fein go ler do chum a umhlason.

140. Acht creud jarris sé isin chéd cheandsa?

Iarradh sé sind do thabhairt a onora fein dó, jna aonar go daingean, & gan sind do thabhairt páрта ar bioth di do thaob ele.

141. Cia a onoir aíridheson bhus neamhcheadaigheach do thabhairt do thaobh ele?

Adghradh no feacadh do dhénamh ris ar ndóchus do chur, & do chomhshuidhjughadh ánd: esean d'eadarghuidhe: gach vile ní fadheoidh jomchubhaidh re mhorghalachtson do thabairt dó.

142. Creud far cnireadh an bheagchuidse les vmfhiadhnaishese?

Ar son nach fhuil ní ar bioth comhfholraigheach, jondas go bfhed sé abheth a'n'ainmhfiós dó, & gurab é fein fear feasa, & bretheamh asmvaineadh folraigheach; ata sé acur agcell go bfuil sé ag jarraidh ni he amhain onora na hadmhala amuigh, acht maille ris sin fiór dhiadhacht an chroidhe.

DOMH. 23.

143. ERgéam thairis gus an dara céand?

Na déna grafaint dhuit, jno jomhaigh na netheadh, ata fuas ar neamh, no adtalmhain shiós, no n'uisgeadhaibh faoi thalmhain, na haghair dhoibh, & na géll doibh.

[TD 38]

144. Ané go bfuil sé a cronughadh go huilidhe gan iomhaigheadh ar bioth do phaiteadh no do ghearradh?

Ni fhuil, acht ata sé a cronughadh dhá neth and so amhain, aghon, gan sind do dhénamh feacaidh ríu.

145. Creud as nách ceadaigheach Día do nochtadh le fioghair fhaicseanaigh?

Ar son nach fhuil maon do chosmhaileas edjr an tí is Spiorad shuthain neamhchongmhalaigh, & an fhioghair is truaillighe marbh.

146. Maseadh ata tú ag breathnughadh go bfuil an égcoir aga dhenamh ar amhorghalachtson, an tan do bhearar aidherbe ar a thaisbenaigh ar an gcorsa?

Is amhlaidh sin atam ag bhreathnughadh?

147. Creud an ghné féacaidh no agartha ata and so ar na damnadh?

An tan jompoidhean sind fein do dhénamh urnaidhe re deilbh no re hiomaigh & thelgeam sind fein siós jna fiaghnaise, no do bhéram onor di le lubadh na nglún no le comardhaibh ele, amhail do thaisbeanadh Día é fein dúinn leosan.

148. Maseadh ni he gach aon ghné phaiteoracht no gearrtoiracht ar biodh is jontuicte do bheth arna damnadh les na foclaibhse go huilidhe, acht atamaid arar gcronughadh amhain jomhaigheadh do dhénamh gus an gcriese, jondas go niarram no go nonoraigheam Día jonta no (a'ní is jonand go) ngélleam doibh an'onoir Dé no gomíchleachtam jad ar chor ar bioth go superstiti-

[TD 39]

on no go hiotholacht.

Is fíor sin.

149. Anois creud an chríoch gus an legfeam an ceandsa?

Amhail do chuir se agcéll isin cheand os ciond gurab é fein an t'aon neoch; da madh égin gélladh, & aghradh is amhlaidh sin anois ata sé ag nochtadh cia an fhoirm dhíreach aghartha do chum go mberadh sé sinde ó gach vile shuperstition no saobhchredeamh, & ó gach vile mhacnasmeanman, no briongloidibh lochtaigh féolamhlá ele.

DOMH. 24.

150. ERgeam romaind?

Ata se acur bagair les: oir is mese IEHOVA do Dhíasa ata laidir edmhar is mé ata acontughadh aingidheachta na n'aithreach ar an gcloind go soich an treas, & an ceathrughadh na hoghaibh, & na

hiaroghaibh don mhuintear aga bfuil imfuath.

151. Creud as an bfuil sé ag luadh a Spionadh fein?

Ata sé a comharrughadh les sin go bhfuil ní is lór do chumhachtaibh aige do sheasamh a ghloire fein.

152. Creud ata se do chomharrughadh le fhocal an'éda?

Ata nach fédand sé fear comhchothruim no comhchomaid d'fhulang do bheth aige: oír amhail do thioghlaic sé é fein dúinn da mhaitheas neamhchriochnaighthe js amhlaidh sin is ail

[TD 40]

les gurab les fein sinde go huilidhe, & js é so gloine, & geannaidhacht ar n'anmand; a mbeth glan coisreaca dhosan, & ag leanmhuin ris, amhail aderear arís asalchadh le hadhaltras, an tan tegdis ar seachran uaidhe, & do bhédis cúl ris go hiodholacht diabhlaidh.

153. Cia an seadh le ndubhradh so a bheth ag dioghailt ajngidheachta na naithreach ar ag gcloind?

Do chur barr eagla jondaing, ata sé ag bagar go ngéband, & go ndénand sé dioghaltus (ni he amhain) arna daoinibh fein do ní an locht, acht maille ris sin go mbed aslíoht mallaighe maraon.

154. Acht an dtig sogo haontadhach ré cert Dé dioghaltus do dhénamh ar duine arbiodh ar scáth lochta dhuine ele.

Da smuainmis creud é staid, & cor an cinigh dhaona; biaidh an chest fuascailte: oír atamaid vile do rér naduیره fa mhallachadh, & ni fhuil agaid cuís do chur ghearain ar Día, an tan fhágbus sè sínd isin crandcharsa: acht anois amhail ata sè ag nochtadh aghradha arna daoinibh díadha, ag beandachadh asleachta: js amhlaidh sin ata sé ag imirt dioghaltais arna daoinibh aingidhe ag díthughadh a gcloinde fan mbheandachadhsa.

155. Lean romhad?

Do chum go dtairnge sè sind le mhaitheas gradhach chuige fein ata sè agealladh go ngnathaidheand sé trocaire gus an mhíle genealach ar

[TD 41]

an'vile aga bfuil aghradh; agas ata a coimhed a aitheantadh.

156. An bhfuil sé ag tuigse go mbiaidh nemhcbiontaighe dhuine dhiadha jna shlanughadh da uile shliocht gidh aingidhe iad?

Ni bfuil choidhche, acht ar an gcorsa: go ndoirteand sé amhaitheas

fein go soich sin arna daoine díadha, jondas go dtabhair sé é fein lan do mhaitheas da sliocht maraon ar a scáthson; nj he amhain acur a neheadh ar an'aghaidh, & ar bpiseach an mhéd bheanas risan mbeathaidhse do lathair, ach maille ris sin ag naomhadh an'anmand, jondas gurab fhèidir an'áireamh jna thréd fein.

157. Acht ni fhaicthear so do bheth do ghnáth?

Admhuim: oír ata sé a congmhail anechse saor aige fein, aghon go bhéd sé é fein do thaisbeanadh go trocaireach an vair is ail les, do chloind na daoine aingidhe, is amhlaidh sin nir cheanhgail sé aghrás comhór le cloind na ndaoine ndíadha, jondas, nach bhféadh sé an lion dibh is ail les do thelgean vaidhe do rér amhian, & álgais fein, gidheadh ata sé aga themperadh, & aga shuidhiughadh so ar mhodh, jondas gurab fhollus gan an gealladh do bheth meallta no brégach.

158. Creud fa bhfuil se and so ag ainmiughadh na gcéd ngenealach, & gan é a ndamnaidh na péne ag jomradh, acht trí, no ceathair d'enchuid?

[TD 42]

Dha chur agcéll gurob mo ata sé fein teand vllamh go daonacht, & go sémhuidheacht, jno go gairbhe, & go cruas, amhail ata sé ag raga; abheth fein sochoireach ro vrasa do thabhairt-mhaitheamhnais vaidhe, ach lesg ro mhall do chum ferge.

DOMH. 25.

159. TEgeam anois gus an treas aithne?

Na tabhair ainm IEHOVAH do Dhía go diomhaoineach.

160. Creud is seadh dona foclaibhse?

Ata se a cronughadh sind do mhichleachtadh anma DE ni he amhain le hethach, ach fós le lughadh gan fhedhm.

161. Maseadh an bhfuil gnáthughadh ar bíoth laghamhaill ad tabhairt anma Dé mar mhionda.

Ata cheana: an tan do bhearar é a hadhbhar cneasda, aghon, do dhaingniughadh, & do sheasamh na fírrinde: ina dhiaidh so an tan bhías an tsuímse ag an ghnomhughadh; jondas gurab cneasda miond do thahhairt do chum ghradha, & tsiothchana jásachtaighe coinghiollaighe do chumhdach a measg daoine.

162. Ané nach faide téd si jno do bhacadh mhíond le bprofánar, & le salchar ainm Dé, no le loigheadaighthear a onoir?

Ar gcur én ghné lughaidh siós, ata sé ag tabhairt rabhaidh generalta dhuinn, gan ainm DE dothabhairt feasta go follus lind, ach le

heagla, & le humhla, & gus an gcríchsín, jondas gomadh ler go glóireamhail é: oír an mhéd go

[TD 43]

bhfuil ainmson naomhtha dlighear dhínne a bheth arar bhfaicil ar gach én mhodh suil dhearnam tarcaisne air, no suil do bhéram adhbhar tarcaisne do dhaoínibh ele.

163. Ciondas do nithear so?

Mase nach smuaineam, & nach laibheoram jna thimchiol fein, na adtimchiol a oibrigheadh ar mhodh ele, ach do chum aghlóireson.

164. Creud leanas

Bagar, le n'abair sé nach biáidh an tí ghnáthuigheas a ainm go diomhaoín nemhchiontach.

165. An mhéd go bhfuil sé ag labhairt a n'áit ele go ndenadh sé dioghaltus ar lucht briste a lagha, creud chondajmhthear do bharr and so?

Do b'ail les achur agcèll les sin méd spese ghloire anma fein, do chum go madh curamaidhe bheam jna thimchiol an tan do chithfeam dioghaltas do bheth ullamh da mbriseadh aoneoch í.

DOMH. 26.

166. TEagam gus an ceathrughadh aithne?

Cuimhnigh lá na Sabboite, jondas go naomhtha tú é: oibrigh re sé laithibh, & dén hujle shaothar, acht is se an seachtmhadh lá Sabboite Iehouah do Dhía, na déense saothar ar bith and, na dénadh do mhac, no hinghin, no hóglaoch, no do bhanóglach, no hainmhidhe, no an coigcrioch bheas don taobh istoigh dod gheataibh: oír re sé laithibh do rinde Iehovah fein, neamh, & talamh, an muir, & an'uile ata janta, acht isin tseachtmhadh lásín do ghabh

[TD 44]

sé fos: ar sin do bheandaigh Iehouah lá na Sabboite, & do naomh sé é.

167. An bhfuil sé ag jarraidh oibriughadh re sé laithibh, jondas gongabhmjs tamh an seachtmhadh la?

Ni bhfuil go huilidhe, acht ag légean shé lajtheadh d'oibrighibh dhaoine, ata sé ag breth an tseachtmhadh lá asda do bheth ordaighthe do chum támha.

168. An bhfuil sé ag toirmeasg gach én tshaothar dhuinne.

Ata ag an aithnese seadh áiridhe ar leth an mhèd gurab cuid dona sean ceremoneadhaibh coimhéd an támha no an fhosa; ar sin do cuireadh ar gcúl é le teacht Chríod.

169. Ané go bhfuil tú aga ragha gurab ris na hjudanaib go hairidhe bheanas an aithnese & vime sin gurabudh temporarrdha no sealaigheach é dhen chuid?

Ata umaro; an mhèd gurab Ceremonialta í.

170. Creud maseadh ané nach bhfuil maoin do bharr ar an tcheremonia fuithe?

Ata cheana: oír is ar trí hadhbharaibh chugadh a mach í.

171. Tabhair & jndis damh iad?

D'fioghrughadh an támha Spioradalta do choimhed Politia, no ordaighthe oirrdherce na heaglaise: dfiondfhuarughadh, & dedtromughadh teasa, & thromdhachta na serbhonatadh.

172. Creud ata tú do thuigse trés an támh Spioradalta?

[TD 45]

Tuigim gurab vime, thamhmaid o'r n'oibrighibh airidhe fein, jondas go gcricheanaigheadh Día a oibrighthe fein jondaínd.

173. Ach Cía he modh an támasa?

Mase go gcésam ar bfeoil fein; aghon, mase go dtabhram thairis ar n'indtleacht, jondas go nguibhernoraighthe sind le Spiorad Dé.

174. Ané fós gurab lór sin do dhenamh gach seachtmhadh lá go chele?

Ni lór ach do ghnath: oír 0 do thiondsgeonamaois én uair, is égin, & is jondula dhuínn ar ar n'aghaidh ré huile chúrsa, & fheadh ar mbeathadh.

175. Maseadh creud as a bfuil lá beachth no sondraghach ar na ordughadh do signjughadh, & do chomharrdhughadh a'nechsin mheras duínne rer n'vile bheathaidh?

Ni hegin ar mhodh ar biodh an fhíorinde do theacht le chéle, & an fiogharr is in vile masé go dtegaíd re chéle a bponcaibh égin.

176. Ach creud as a bfuil an seachtmhadh la arna ordughadh, & arna roimhscriobhadh ni is mó, jna gach lá ele?

Ata an vimhirse a comharr ughadh foirfeachta jsin Scriptor: ar an adhbhar sin ata sí vllamh aibel do shigniughadh a'nethe mheras do ghnáth, ata sí agnochtadh maraon nach fhuil an támh Spioradaltasa,

acht arna thiondsgnadh isin mbeathaidhse d'én chuid, & nach bíaidh se foirfe, suil go dtégheam jmerge as an domhansa.

DOMHNAC. 27.

[TD 46]

177. Ach creud is seadh dhóso; an tighearna do bheth ag'ar n'aslach do ghabhail támha le esiomlair fein.

Is ail les: ar gcur chríche dhó ar chruthughadh an domhain taobh istoigh do shé laithibh gur ordaidh, & gur choisric se an seachtmhaidh lá d'amharc a oibrigheadh fein, & d'ar mbrodadh & d'ar sporadh nj bhudh ghére go soich ní-se, ata sé acur a esiomlara fein f'ar gcomhair: Oir ní comhór js jn jorrtha dhúnn ní ar bioth, ina ar mbeth fein ar ar bfoirmeadh & ar ar ndeanamh do rér afhioghrachson.

178. Acht ané nach dlightheach smuaineadh oibrigheadh Dé do bheth dho ghnáth, ino abfoghnand as gach seachtmhadh lá ar bioth én lá do bheth arna ordughadh dhósan?

Is jomchubhaidh go dejmhin ar gcleachtaidhne gach én lá jna n'amharcson, gidheadh ata ar scath ar na'nmhfaindhe énlá áiridhe ar na ordughadh; & is sé so an politia aghon, an t'ordughadh oirdherce adubhras.

179. Maseadh cía an t'ordughadh ata ré choimhéd an lá sin?

An pobal do chruindjughadh, & do dhul agceand a chele désteacht theagaisg Chriord, do mhencughadh urnaidhe coitchinde, & do nochtadh admhala agcredeamh go follus.

180. Mínigh anois aní adubhras gurb'ail le Dia féchain ro láimh ar edtromughadh na serbhantadh les a na'ithnese?

Do bhail gan amharos; jondas go dtabharth-

[TD 47]

aoi méd egin d'fuasgladh dona daoinibh ata fa chomas, & chumacht dhaoine ele: ata tabhacht ánd so maraon do chondmhail ar buil na politia; aghon, an'ordaighthe choitchind: oir, abhail agcomhairdhuighthe ar énlá don tamh, is amhlaidh sin ghnáthaigheas gach én duine e fein an chuid ele don'aimsir.

181. Fecham anois ca fad bheanas an'aithnese rind?

An mhed beanas ris an tceremonia ar son go raibhe fírinde ag Criosd, aderim gar cuireadh argcúl e.

182. Cíondas?

Ar son, umaro, go bfuil ar sean dhuinene; aghon, an pecadh aga chesadh le briogh a bháis, & go bfuilmid arar dtógbhail do chum naoidhacht bheathadh le esérghson.

183. Meseadh creud ata d'fhuighleach dhuinne as an aithnese?

Ata, gan sind do dhénamh suairighe notaircaisne arna hordaigheadhibh naomhtha bheanas re politía na heaglaise, & go spisialta sind do chleachtadh na gcoimthionol naomhtha go menic; d'ésteacht fhocail Dé, d'foillseochadh na neitheadh ndiamhair secreteacha, do dhénamh urrnaidhe sollumhonta no coitchind, amhail ordaighthear jád,

184. Acht ané nach bfuil maoin do bhàrr dhuinne isin fhioghair?

Ata cheana: oir is jontuctha í do chum afhirrinde fein, jondas (ar mbeth duinne arar n'im-

[TD 48]

padh, no arar ngrafadh agcorp Chríod, & arar ndenamh inar mballadh dô) go scuiream d'ar n'oibrighibh fein, & ar an modh sin go dhtoirbheeram sind fein d'ar nguibhernoracht le Dia.

DOMHNAC. 28.

185. ERghéam thairis gus an dara tabhail?

Is é a tosach, onoraigh t'athair, & do Mhathair.

186. C'reud chomharrdhas focal na honora and so dhuit?

An chland le trostamlacht & le humhla do bheth modhamhail fregarach da bparentaibh jad do ghelléamhain doibh go reuerensach: agcuidjughadh ina bfedhm: & asaothar fein do thabhairt doibh: oir condaimhthear les na trí ballaibhse an onoir dhleaghtear dona parentaibh.

187. Erig romhad go luath?

Ata gealladh arna chur ris a'naithe, do chum go bfaideobhthaoi do láidhe ar talmhain, ata an tigearna do Dhia fein da dabhairt duit.

188. C'ía is seadh dho so?

Go mbéd anlion do bher, onoir dhligheach da bparentaibh fada béo tré thioghlacadh DE.

189. Ar mbeth don bheathaidhese arna lionadh le hiomarcaidh truaighe; creud as a bfuil Dia on'aít & ar scath deaghtioghlaice a gealladh a fadmarthana dhúine?

Da mhéd truaighe re bfuil sí ceangailte: gidheadh is beandachadh DE í dona daoinibh cre-

[TD 49]

deamhnach, muna bheth ach fa n'én adhbharsa, aghon, gurab comhairdha afhobhair aithreamhailsan, & an gcén atá se aga mbeathugadh, & aga gcoimhéd isin domhansa.

190. An lean go contrardha dho sin a'neoch do bhearar go prap do bhárr an domhainse re n'áois bhfoirfe do bheth mallaighthe?

Ni leanand choidhche: acht is mó teagmhas vair égin, jondas dha mhéd do bharr ghradha bheas ag Día ar neoch, gurab luaithide do bearar as an mbeathaidhse é.

191. Acht ag dénamh mar sin dó; ciondas choimhlonas se ghealladh?

Gach en dona maithibh talmhaidhe ata Día dho ghealladh dhúinn; is cneasda ngabhail ar an gcन्द्रadhsa; an mhéd is tarbhach do mhaith, & do shlanughadh ar n'anma é: óir do budh neamh nadúrdha an tordughadh munab é cor, & cúram an'anma do ghébhadh an céd aít, & do reachadh ar tosach.

192. Creud ader tú adtimchiol an lion bheas esumhal da bparentaibh?

Go gciontaighear and sin jád ni he amhain isin bhreatheamhnas degheanach ach go ngebhand Dia dioghaltus ar an gcorpaibh isin saoghalsa maraon aga mhbreth vile a meadhon bhladha na haois oig as measg dhaoine no aga mbhualadh le gné scandalaidh bhais jno ar thoraibh ele.

193. Acht nach adtimchiol talmhan Chanaan ata an gealladh ag labhairt go hainmidhe?

Is amhlaidh sin, an mhéd bheanas ris na Hi-

[TD 50]

sraeliteathaibh: acht is lethne jna sin fhoscailtear dhúinne an focalsa, & dhleaghar ashineadh amach ni is siadh: óir ge bé ar biodh rand no duthaigh aitreabham; an méd gurab le DIA an cruinde vile, ata se aga thabhairt, & a ga chomharrdhughadh dhuinne re shealbhughadh.

194. An bfuil maoin do bhárr d'fuighleach do n'aithnese?

Gen go bfuilid na focail ag fuadhughadh, ach adtimchiol an athar agas na mathair, gidheadh ataid an vile ata ós ar gciond re dtuigse an mhéd gurb jonand agcor.

195. Cia é sin?

An mhéd gur thoigaibh DIA jad go grádh no go cém onora is aird íno

an chuid ele: óir ni bfuil ughdarus Parentadh, no Phriondsadh no fos Imperdheacht, no onoir acht o dhecreit comhairle & ordaidh Dé, an mhéd gurab amhlaidh sin is toileamhail les an domhan d'ordughadh.

DOMHNAC. 29.

196. Aithris an seaseamh aithne?

Na dén marbhadh.

197. Ane noch bfuil se ag bacadh nethe ele; ach marbmhadh do dhénam?

Ata cheana: an mhéd go bfuil DIA ag labhairt and so, ni bfuil se ag indis sin, & a cur lagha ris na hoibhrighthibh amuigh amhain, ach maill ris sin re smuaineadhaibh an Chroidhe, & na hindtinde, & ni is mó go mór riu so.

198. Do chiothear do bhethse ag bcagnachtadh and so bfuil gné égin mairbthe Diamhair and

[TD 51]

O bfuil Dia agar ngairm t'ar air n'ais and so?

Is amhlaidh sin ata: óir breathnaighear fearg, fuath, & gach aon mhián chiorraighe jna mharbhadh abfiadhnaise DE.

199. Ané gurab lór do niam; mase nach biadh fuath agind ar dhuine ar biodh?

Ni lor choidhche: oir ata an tighearna le damnadh suthain, & miosgaise, & ler bfudach ogach pughar ar biodh le gciorrthar ar gcomairsoin ag nochtadh araón go bfuil se aga jaraidh so, sind ghradhughadh gach vile dhuine ler croidhe, & do dhenámh stuider fa n'anacul, & fa gcomhéd go fiorindeach.

200. Anois teagam gus an seachtmhadh aithne?

Na'déna siurtaidheacht.

201. Foillsigh cia asuím?

Go bfuil, umrro, gach vile shiurtaidheacht mallaidh abfiadhnaise DE: vime sin; muna baillind fearg DE do ghreandughadh inar n'aghuidh, & alán do thabhairt fuind; gurab jonchondaimhthe & jonsheachanta dhuinne sind fein go dícheallach vaihte.

202. Ane nach bfuil sí ag iaraidh maoiné do bhárr?

Is jon amhairc do ghnáth naduír fhir thabhrtha an lagha amach, neoch nach amhairceand, & nach anand amhain, amhail adubhras ar an obair amuigh, acht is mó ata tulare aige ar dhoimhne, & ar mhianaibh an chroidhe.

203. Cred masedh cbomhchongmhas si do bárr?

0 ataid ar gcuirp, & ar n'anmanda jna dteam-

[TD 52]

pluibh don Spiorad Naomh, sind do thabhairt naomhgloine dhoibh araon: & ar an'adbharsin ar mbeth ni he amain náireach le seachna an vilc amhuigh, ach maille ris sin gurab egin dhuinne ler gcroidhe ler bhfoclaibh, le hamhailibh, & le gníomharrthaibh ar gcuirp maráon abheth naomhtha, fadheoidh ar gcuirp do bheth glan on'vile lasan, & bhraise ar nanam ogach vile mhian, jondas nach biadh cuid ar biodh dhínne arna shalchadh le salchar mínaire.

DOMHNACH. 30.

20.4 Tégam gus anochtmdhadh aithne

Na déna goid.

205. Ane nach fhuil sí acht ag bacadh merle amhain, neoch ata ar chiontughadh le lagha daona, jno an bfuil sí ag dul ara haghaidh agas ag rochtain nj is faide?

Ata sí acomhcongmhail fa ainm gadoidheacht droch cherde, aghon, gach vile ghne mhealta, & timchiollaighe le selgeam, & le ngabham maith, & maoine dháoine ele: maseadh atamaid ar ar dtoirmeasg and so comhmhaith lingear arégin ar maoine ar gcomarson, & a'mbreath arégin & lámh do sháthadh jonta tre gháois, & tre mhealtaracht no aidherbe do thabhairt ar bhreth orra ar mhodhaibh lúbach arbioth.

206. Ane gurab lór na lámha do chondmhail tar anais 0 dhénamh vile ino an bfuil antsaint ar na dhamhadh maraon and so?

Is iontillidh do ghnáth chuig so, os spiordalta fer thabhartha an lagha amach nach ar ail

[TD 53]

es merle amuigh amhain do chosg, ach maille ris sin an'vile chomhairle, & stuidir do ní neamtharbha dháoine ele ar modh ar biodh: & os an'vile an tsaint fein gan sind do shantughadh dul asaibhreas tre dhioghbhail ar mbrathreacha.

207. Creud maseadh ata againn re dhénamh as go bfeudmaid umhalughadh do n'aithnese?

Ata saothar do chaitheamh do chum gach én-neoch dfaghail ashlaite fein.

208. Creud í a'naomhadh aithne?

Na dên fiadhnaise bhrége an'aghadidh do chomharson.

209. An bfuil se acronughadh éthigh do thabhairt abfiadhnaise bretheamhain amhain, no go ge neralta bréug do dhéanam an'aghaidhar gcomharson?

An'éen ghné ata teagasg ghegeneralta arna chomhchongmhal, gan sind do mhealladh ar gcomharson go brégach, no gan sind do chiorrthadh ambladha ler ndroch raitibh, & ithiomragh, no gan sind do thabhairt ghairtighe ar biodh dhó jna mhaoinibh.

210. Acht creud as abfuil se go hainmighthe ag nochtadh; ethigh choitchind?

Do chum gomadh moide do chuirfeadh sé d'eagla an lochtasa jondaing: oir ata se ag nochtadh; da'gcleachtadh neoch ar biodh dhroch-ráiteachus & mhealtoracht gurab sothuitimeach é as sin go hetheach, da bfhagar âm do thabairt scandaile da chomharson.

211. Ane is aile les sind do bhacadh o droch raiteachus amhain jna bfuil sé agar mbac-

[TD 54]

adh ó dhroch amhairsibh, agus ó bhreatheamhnasaibh clethe neamhchearta maraon?

Ata se aga dhamnadh and so araon do reir an ráison tugadh roimhe do dhearbhadh an adhbhairse fein: oir a'ní is olc re dhenam abfiadhnaise daoine, is olc é re shantughadh abfiadhnaise DE maraon.

212. Maseadh cuir siós creud do b'ail les go generalta?

Ata se agar mbacadh do bheth teand, no, vllamh do breathnugh go holc adtimchiol ar gcomharson, no da scandalughadh: ach is mó ata se ag jaraidh oraing an chertuse, & na daonachta do bheth jondaing, jondas go mbreathnaigheam na dtimchiol san go maith an mheud dfuilngeas an fiorinde, & sind do choimhed ambladha go dicheallach jomshlan doibh.

DOMHNAC. 31.

213. Aithris an aithne dhegheanach?

Na santaigh teagh do chomharson, na santaigh mnaói do chomharsoin, no chamhal no, bhanóglóach, no asall, no ní ar biodh is leson.

214. Os spiordalta an lagh vile, amhail adubhras go menic roimhe, & nach do bhacadh ná n'oibrighadh amuigh amháin ach do chertughadh thoileadh a n'anma. & an'aingidhe maraon do cureadh na haitheanta roimhe; creud ata and so arna chur leo do bhárr.

Do b'ail les an tighearna is na haiteantaibh ele ar dtoil, & ar

smuainighe do riaghladh, &

[TD 55]

do dhénamh bésach: acht and so ata se ag bacadh. & a cur lagha maraon ris na smuainibh tharngéas saint egin leo: gen go dtigeand siad go comharle shuidhighthe.

215. An bfuil tu ag ragha gurab peacadh na smuainigh is lugha ar bioth eloidheas arna daoinebh credeamhnacha, & tig isteach ina ninttindoibh gidh mó do bhidis ag seasamh rín do ghnath jno ag aontughadh leo.

Is follas go demhin an'uile dhroch smuaineadh, gen go dtig comhaontughadh theachta amach o locht ar naduirene chuca, & á derim an'oireadsa a mbeth arna ndamnadh les an aithnese an'uile shaint lochtach ata agluasacht, & ag brosdughadh chroidhe an duine, gen go rotharngdis é go toil daingain shuidhighthe.

216. Maseadh ata tu ag tuigse go demhin gur bhacadh go soich so na hanmiana le ngabhand daoine fos, & faoi bfuilngid jad fein do cbur: acht anois go bfuil fairfeacht comhghér arna jarraidh oraínd. jondas nach bfeidis ar gcroidheadh droch shaint ar biodh do légean orra no do gabhoil chuca; le mbrosdar, & le sporthar jad do chum peacaidh?

Is amhlaidh sin ata.

217. Aithris as a chéle na dech aitheanta amhail do labhair Dia and sa bhfiththeadadh Caipghidil do leabhar Exoduis?

EIST a'Israel, Is meis; do Thigherna Día, do thréoraigh thú ó thalamh na Héghipte, a teach na searbhfogantachda.

[TD 56]

1. Na biodh aon Dia ele agad, ach meis amhain.

2. Na déun dhuit fen jomhagh, na cosmhuil aoinneith da bfuil thuás ar neamh na ar talmhain shios, na and sa n'uisge fa thalmhain: na cróm thu fén síos doibh, & na tabhair onoir dhoibh: oir as meisi do thighearna Dia, agus is Dia édmhar mé, leanas peacaidh na Naithreadh ar an gcloind go soith an treas, & an ceathrumhadh geinealach don druing fhuathuigheas me: agus do ní trócair arna míltibh don druing ghradhaigheas mé, agas choimheúdas m'aitheanta.

3. Ná tar thar ainm do Thigherna Día go diomhaóin: Oír ní búdh neamhchiontach a bhfiaghnaisi an Tighearna, an té luáidhfeas a ainm go diomhain.

4. Cuimhnidh lá na Sabbóide do náomhadh, a sé laidhibh oibréochas tú, & do dhéuna tú hoibrighthe fein vile, achd as hé an seachdmhadh lá Sabbóid do Thighearna Día, ná déna obuir ar bioth and, tú fein,

ná do mhac, na hingean, do tshearbhfhoghantaighe, ná do bhán-oglach; hainmhidhe, ná enduine coimhightheach atá don táobh asdigh dod dhóirsibh. Oir is a sé laithaibh, do rinde an Tighearna neamh & talamh, an fháirrghe & gach ní dá bhfuil jonta, & do chomnaigh sé an seachdmhadh lá: Ar á nadhbharsoin do beannaigh an Tighearna an seachdmhadh lá, & do náomh sé hé.

5. Tabhair onóir dod tathair & dod mháthair, chum go bhfaidéochthí do laithe ar an dtalmhuin, do bhúra do Thighearna Día dhuit.

[TD 57]

6. Na déna dunmharbhadh.

7. Na déna adhaltrandas.

8. Na déna goid

9. Na deuna fiaghnaisi bhréige a naghaidh do chomharsan.

10. Na sandaigh teach do chomharsan, na sandaigh bean fphósda do chomharsan, ná a oglách, ná a bhanóglach, ná a bhó, ná a assal, na ní ar bioth oile bhus léd chomharsain.

218. Nach ceadaigheach anois aithghiorra goirrid an uile lagha do thionol maraon?

Is ro cheadhaigheach; an mhéd go bfedmid athabhart go dá cheand: is sé an céd cheand sind do ghradughadh DE o'r n'uile chroidhe, o'r n'uile anam, o'r n'uile bhrioghaibh: an dara, sind do ghaolughadh ar gcomharson mar jnd fein.

219. Creud chomhchondaimhthar faoi ghrádh ndé?

Aghradughadhson amhail is jomchubhaidh Día do ghradughadh: aghon, a aithne araon jna thighearna, jna athair, & jna shlanaightheoir: vime sin ata grádh DE, a reuerens. a thoil do bheth umhla dô, & an mhuinighin is ion churtha and arna gcur a bfochair a chéle.

220. Creud ata tu ag tuigse tre vile chroidhe, uile anam uile bhriogh?

An teand & an teas serce sin & ghradha do bheth jondaing, jondas nach biodh áit jondaing ar chor ar bioth do smuaineadhaibh, do mhianaibh, no do stuideraibh, dho fhedfadh cur an'aghaidh an ghrádhasa.

[TD 58]

DOMHNAC. 32.

221. CIA seadh an dara cuid?

Amhail atamaid do naduir coimhtheand, comhrighthe d'ar nghradhughadh fein, jondas go rachadh ag an nghradhsa ar gach grádh ar bioth: ar an gcor gcedna is cubhaidh grádh ar gcomharson do bheth amhlaidh agabhail vachtaranachta jondaind, jondas go nguibhernoiraigheadh se sind ar gach uile thaobh, & go mbiadh se jna riaghail an'uile comhairle, & gníomhdha againd.

222. Creud chomharrdheas ainm an gcomarson duit?

Signighidh & comharrghidh sé ni he amhain cindeaghaigh, & cairde no daoine ata arna gcur abfochar achéle, & sin le comand no companas égin, ach maille ris sin na daoine nach aithnidh dhuínn & fós do bhárr ar n'asgairde.

223. Ach creud an comand ata aca maille rind?

Ata; umaro; go bfuilid arna gcur abfocair achéle, & sind les an tsnaidhinsin, ler comhshnaidhim Día an vile ghné dhaoine abfochair achéle, & ata an chomhshnaidhm sin naomhtha nemhionbhriste neoch nach fhédir le holcmareacht dhuine ar bioth do chur ar gcúl: no as.

224. Ader tu maseadh da raibh fuath ag duine oraind gurab ní airidh les fén sin, gidheadh nach loighide anas se jna chomharson duinn, sin, ach gurab in bhete dhuínn againd é isin ait sin: do bhriogh gur b'egin ordughadh DE do sheasamh gan bhriseadh le ndiongantar an cean-

[TD 59]

gal & a comhchur maraonsa jnar measg?

Is amhluidh sin ata.

225. O ata an lagh ag nochtadh mhodha onoraighe Dé go hiomchubhaidh: nach jndénta ar mbeathaine do chaitheamh ag teacht adtír do réir aroimhscriobhadhson?

Is fíor gurab jndénta go demhin acht ata an amhfaind sin isin uile jondas nach gcricheanaigheand én duine aní dhligheas se.

226. Creud maseadh as an'jarraind Dia oraind an'foirfeacht ata osciond ar gcumhacht?

Ni bfuil se ag jarraidh no ag teandadh neth ar biodh oraind; nach bfuilmid ceangailte re dhiol: tuilleadh ele mase go dtairgheammain an'fhoirm do theacht adtír ata arna roimhsriobhadh, & arna chur romhaind and so do rochtain, gidh dho bhimis abfad or gcuspoir: aghon, o fhoirfheacht, ata an tighearna ag maitheamh a neth ata vaind, & d'uireasbhuidh oraind.

227. Ina dtimchiol na n'uile dhaóine go generalta, jna dtimchiol na ndaoine gcredeamhnacha dhenchuid ata se ag labhairt?

Aneoch nar hathnaoidheadh fos le Spiorad DE ni bhia se aibel (más beag) do thiondsgna an phoinc is ro lugha isin lagh: do bhárr ar so mase go dtiobhram no go ndeonaigheam go bfaighthaoi neoch ar biodh, do fhédfadh abheth umhal don lagh a gcuid egin: gidheadh ni bhreathnaighmid ar an adhbharsin gur coimhlion se é abfiadhnaise DE: oir ader sé go follus an'uile dhuine do bheth mallaighthe nac goi-

[TD 60]

lionadh an'uile ata arna gcomchongmhail and.

DOMH. 33.

228. IS follus & is jnbhreaghnaighthe as so amhail ataid dá gné dhaoine and gurab amhlaidh sin ata oifice an lagha dúpalta?

Is jnbhreaghnaighthe choidhche: oir ni fhuil se ag dénamh réd ele abfocharr na nemhchredeamhnacha ach ag roimhiadhaidh orra, & ag breath nadh gach uile lethsgél abhfiadhnaise DE (& is se so aní comharradheas Pól, an tan ghoireas se dhe ministreacht an bhaís & a n'damnaidh) ach ata chlaochlodh sin do tharbha & do bhriogh aige dona daoinibh credeamhnach.

229. Cia hé sin?

Ar tús an gcen foghlumas siad; nach bfeidfaid fein fírentacht d'faghail le hoibrighibh; ataid arna dteagasg go humla ar an gcorsa, neoch is fír roimhullmhughadh, & dheasughadh d'iarraidh slanaighe agCriosd: ina dhiaidh so an mhéd go bfuil se ag jarraidh agas ag teandadh abharr go mór orra tar anní fhédas iad do dhénamh, & do dhíol, ata, se, aga, mbrosdughadh d'iarraidh bhriogha & nerta ar an tigearna, & ata se ag tabhairt rabhaidh doibh maraon dtimichiol an ghnáth pheacaidh, suil, bhiadh do chroidhe aca ambeth uaibhreach: fadheoidh ata se amhail shrian doibh le gcondaimhthear jad an'eagla Dé.

230. Maseadh gen gó bfuilmid acomhéd, & ag freagra an lagha feast isin fhogra no isin deoruidheacht thalmhaidhse; gidheadh ni bhreathnaigheam gur fholamh, no gur dhíomhaoin a-

[TD 61]

níse, an mhéd go bfuil se ag jarraidh oraind achoimhtheand sin d'foirfheacht: oir ata se ag nochtadh dhuín na harmaise, gus ar binsheólta dhuínn ar gcúimse, & an cuspoir arar coír dhúinn telgean, jondas go dtairgeadh gach aon dinn abheatha do chaitthemh do rér mhiosuir an ghras tugadh dhó go soich ro ardhérghe, & go soich a'neamheasbhuidh, ata an lagh d'iarraidh, & se d'áidhearbadh dul ar aghaidh ni is mó le gnath stuider?

Is amhlaidh sin thuigim.

231. Ane nach bfuil againd isin lagh riaghail an'uire jondracais?

Ata go demhin riaghail chomhfhoirfe againd, and jondas nar ail le D'ia én réd ele vaine, ach sinn da leanmhuinon, & arís gomadh diomhaoín les, & go gcuireand se uaidhe gach ní ghabhmid dho lamh tar aroimhscríobhadh no aithnesan: oír ní toileamhail, ní haitneand, & ní he beatha jodhbartha ele aige, achd an'umhla, & an fhreagra.

232. Creud an chríoch maseadh da bfoghnand Airead raibhte, aiteanta, ataigh, ataid na Phaithe, & na haphstoil da ghnáthugadh?

Ní bfuilid acht jna nglanmhíniughadh an lagha, neoch g'ar gciulan, & gcar dtreorughadh ar laímh go humhla an lagha; ní is mó ina do bhéradh siad úa tar ar n'ais sind.

233. Gidheadh ní bsuil se ag aithne nethe ar bioth ddtímchiol gharma uaignighe gach aon duine fo leth?

An tan ata se d'iarraidh a'nech is les gach én

[TD 62]

duine do thabhairt dó fein; is ullamh, & is urasa thionol as sin, cia híad cotcha, & oífice gach aoin go huaigheach jna n'ordughadh fein, & jna ghné bheathadh: & ata míniughadh, & cur síos na n'aitheanta arna craobhscaoileadh (amhail adubhradh) jn gach aon jonadh isin scriobtúr: oír a'ní adubhairt, & do chondaimh an tighearna and so ag suimamhal ambeagan dfoclaibh, ata se ag leanmhuin, & aga chur síos ní is lía & ní is doirtaighe an'jonadaibh ele.

ADTIMCHIOL NA GVIDHE.

DOMHNAC. 34.

234. O Do dhespoireadh & o dho chomhchoilloideadh nj is lór adtimchiol an dara codach do n'onoir & don tservis diadha; neoch ata arna suidhughadh an gcélleamhain & an úmhla. labhram anois adtimchiol an treas codach?

Adubhramar gurab é sin an'eadarghuidhe, an tan do chomthetheam chuigeson is in uile egcantus.

235. Ane go bhfuil tu ag breathnughadh gurab esean jna aonar is jn eadarghuidhte?

Atam choidbche: oír ata se aga thindiairaidh sin dò fein, amhail onoir, & sheruis aírithé adhiadhachta fein.

[TD 63]

236. Mas amhlaidh sin ata an tadbhar cia an cor len cheadaigheach daoine d'aslách do thabairt cujdghe duínn?

Is mhor adhbhal an teadardealughadh ata edir an diasa: oir an tan eadarghuidheam Dia atamaid ag fiadhnaissiughadh gan ar mbeth ag fheathamh mhaitheasa ar bjodh do thaobh ele, ach da thaobhson, & gan ar mbeth acur ar n'vile mhuinine, & chadhais a'nait ele, ach andson: gidheadh atamaid isin ámsin fein ag jairaidh gcujdighe, an mhéd légas se dhuínn, & tug se cnmhacht, & neart doibh ar gcuidiughadh.

137. Maseadh an mhéd go bfuilmid coimhthetheamh do chum cuidighe, & firínde daoine ader tú nach bacand sin maoin, jondas gomadh loighide do fédmaois en Dia dheadarghujdhe: O nach fuil ar ndóchas feast agabail fosa jonta, & nach mó achuncheam ar mhodh ele jad, acht ar son ar mbeth arna gcludach dhoibh le comas, & le neart do dhénamh mhaitheasa: gur hordaigh Dia iad ar modh égin jna ministribh adheagh thioghlaiceadh fein dhuíinne, neoch is tre lamhaibh do b'ail les ar gcuidiughadh & na conganta do chuir se adtaisge lamh riu, diairaidh tara nais duinn

Is amhlaidh sin thuigim: & ar son gach deaghtioghlacadh ata maid d'fagail vadhadsón, is re Dia is coír dhuínn ambuidhe do bhreth amhail is se fein jna aonar ata aga dtabhairt vile dhuíinne da ririh tre bfreasdalson.

238. Gidheadh ane nach jn bhrethe abhuidhe re daoineibh coimhmenic do dhendaais maóin do shao-

[TD 64]

thar dhuínn: oir ata cothrum, & ceart ua naduire, & lagh na daonachta aga dheachtadh so dhuínn?

Is coir & is in thabhartha bhuidheachas doibh ar gach aon mhodh; muna abheth acht ar son an'en adbhair se, gurab fhiu, & gurab airidhe le DIA jad ar an onoirse, aghon, na maitheasa shíleas, & shnidheas as tobar edtraidhtheach O aoinighsin tre laimhaibhsin amhail: tsruthain tre thuiraidhe do tharraing chugaind oir ata se ar an gcorsa ag'ar gceangal ríu, & is ail les sinde d'aithne aneach sin fein ar an adhbhar sin antí nach fhuil aga thabhairt fein buidheach do dhaoineibh; ata se ag nochtadh a nembhuidhechais maraon ar an modhsa do Dhia.

139. Ane nach cheadaigheach athionol as so gurab egcneasta eadarguidhthear ajngle no naomhshebhontadha an tighearna do jmirighidh as an mbeathaidhse?

Is cheadaigheach: oir nir dhiuraigh, & nir thug Dia na cotchasa do dhaoineibh diadha, jondas go bfédis cuidiughadh linde: & an mhéd bheanas ris na hainglibh, ge ata se acleachtadh ashaothar d'ar slanughadhne, gidheadh nj hail les an'edarghuidhe lind.

140. Maseadh ader tu gach ni nach fhuil go des, & go haontadhach ag teacht les an ordughadh, & ris an statuid do rindheadh le Dia, a bheth acathughadh an'aghaidh athoile?

Adirim marsin: oir is comharrtha dearbh neamhdhoichais, & nemhchredimh gan abheth to-

[TD 65]

ileamail les na nethibhsin ata an tigearna da thabhairt dhnínn jna dhiaidh sin mase go mbearam sind fein go muinighin naomh, no Aingeal, abhail bfuil Dia ag'ar n'gairm chuige jna aonar, mase go dtiobhram thairis cuid égin don dóchas sin do dhligh anmhuin, & suidhe vile an Dia amhain, atamaid ag faidshleamhnughadh, & ag tuitim síos an'iodholacht, an tan, vmaro; roindfeam eatoirason a'ní do bhi Dia da bhreth chuige fein go hairidhe.

DOMH. 35.

241. ANois lábhram, & laimhaigheam adtimchiol modha gudhe do dhénamh, an bfoghnand an teanga do chum guidhe do dhénamh; no an bhfuil an virnaidh ag a jarraidh na hindtine, & an chroidhe maraon.

Ni fhuil go demhin an teanga egeantach do dhénamh guidhe do gnáth, gidheadh ni fhédand an'orrtha no an ghuidhe fhírindeach, tuigse & grádh an chroidhe do bheth vaihte feasta.

242. Cia an argument le ndearbhand tu so dhamh?

An mhéd gurab Spiorad Dia go demhin; ata se ag tindiarraidh an chroidhe do ghnáth ar dhaoinibh ós anvile ní, ach go hairidhe isin virnaidhe, neoch le gcomhpártaigheand siad ris an nethe is mian leo: ar an adhbharsin ni bfuil se agealladh abheth fein angoire, ach don lion do ni eadarghuidhe abfirinde: & go contrarrtha ata se ag mallachadh an'vile, ata tre chélg, & nach ó gcroidhe da ghuidhe.

243. Maseadh biaidh an virnaide aimide-

[TD 66]

ach & gan spése no do tharbha, gebe ar biod, do nithear, no do choimprear leas an teangaidh dhénchuid?

Ni he sin amhain, ach do nid aneamthoil, & ne amhthaidhneamh rís go romhór.

244. Maseadh creud an taigneadh, & anindtind iarras Dia re n'virnaidhe?

Ar tús sind do mhothughadh ar n'aimirt ar mbochtain, & ar dtruaighe fein, & an mothughadh sin do ghineamhain, & d'oibriughadh dhoil gheas, & bhróin inar nindtindibh: ina dhiaidh sin sind d'fadodh & do

lasadh le teandshaint admhail do riribh d'faghail fhobair, & grasa O Dhia, aní do fhédfadh fos teas, & ro shaint guidhe d'fadodh jondaínd.

245. Inó intleacht nadurdha no duithche shruthsnidhesh an tsaint no an taigheadhsa, ino ghrás DE tig se chuca?

Is egin Dia dar gcuidiughadh andso: oir atamaid fein uile aimhgher neamhthuigseach chuca araon: is se Spiorad DE ata ag dùsgadh osnaighe neamhindsineach jondaínd, &, ata ag foirineadh ar n'aigheadh gus an tsaintse, neoch (amhail ader Pól) ata arna iarraidh isin uirnadhe.

246. In gus an gcrísce fhoghnas na teagaisgse; aghon; sind do bheth inar dtámh, & ag dul alesge armodh egin: ag fetheam arbrosduhadh an Spiorad naomh, & gan ao'neoch do bros dughadh fein do dhénamh virnaidhe.

Ni headh choidhche: acht is mo is í so an chríoch; antan modhuighéas na daoine credeamhnach iad fein ag fuarughadh, & leasg, & ni is

[TD 67]

neamhullamha do dhénamh guidhe go maith, ino do b'in bheth dhoibh, iad do choimhriodh, & do coimthetheadh go DIA an tighearna d'iarraidh air alasadh le bearraibh teanneamhla a Spiorads fein, da ndenamh aibel do chum guidhe.

247. Gideah ni bfuil tu ag tuigse gan tabhacht arbiorth do bheth ísin dteangaidh do dénamh uirnaideh?

Ni thuigim choidhche: oir ata si ina cuidiughadh go minic do thógbhail, & do chondmhail an'aighaidh, jondas nach dtairngnaidhe é go re o DHIA: tuilleadh elé os d'foillsiughadh ghloire DE do chruthaighadh í os na ballaibh ele, is cneasda ahuile neart, & chumhacht, d'foscladh, & do scaoileadh do chum an ghnathaidhse: do bhárr ar so, do bherméd, & adbhaile stuider uaire égin an duine go soich so, jondas go mhriseand an teanga amach an'guidh t'ar acomairle.

248. Mas amhlaidh sin ata: creud an tarbha do nid na daoine, ata ag dénamh uirnaidhe dteangaidh allamhartha ainmfheasaigh dhoibh fén?

Ni bfuil achlaodhchladh and sin, ach fochaidmhe do dhénamh ar Día: uimesin tabhradh na criosdaidhe drúim ris angelgse.

DOMHNAC. 36.

249. AN tan do njmid guidhe in do thegeamhadh no amhantuir, do nimid í, ainmfheasach adtimchiol abala, na creud tig dhí, jn'anengin duínn sin do bheth go démhin jna dhearbh shuidhe agaidh: go n'estéar sind les an tighearna?

[TD 68]

Biodh so jna ghnáth fhundament uirnaidhe, go n'éstear les an tighearna sind, & go bfaghmaois gach ní dha n'iarram: an mhéd is maith, & is tarbhach dhuín: is ar an modhsa ata Pól ag teagasg; gurab ón gcredeamh shileas, & shruthas ceart eadarghuidhe ndé: oir ni eadarghuidheand éneoch feast é: ach antí ghabhas fós ar tús an dóchas daingean amhaitheson.

250. Creud maseadh theagmhas don mhuintir; ata ag dénamh ga hamharseach, nach bfuil agsuidhjughadh jna n'indtindibh, creud ghnodhaighidh no crend an tarbha do ghebhid re n'uirnaidhe do dhénamh: & fos ataid ainmhfeasach an'estear, jno nach éster an'uirnaighe le Dia?

Ataid an'uirnaidhe aimideach diomhaoin, an mhéd nach bfuilid arna gcondmhail an'airde le gealladh ar bioth: oir ata aithne arna tabhairt duínne jarraidh le credeamh daingean, & ata gealladh arna chur les, go dtabharthar dhuínn, gach ní d'iarmaid a credeamh amhain.

251. Maseadh ata d'fuighleach sind d'fechain cia 0 dtig an'oireadsa do dhóchas, & do dhánacht chugaind, jondas ar mbeth dhuínn ar mhodhaibh jomdha nemhdhiongmhalta abfiadhnaise Dé; gidheadh go mbiadh do chroidhe againd sind fein do thaisbeanaidh jna shealladh?

Ar tús ataid gealladh againd le nab inearbtha dhuínn air legean fa lár, & air bfagmhail ar ndiongmhaltacht fein jn'ar ndhiaidh: jna dhiaidh sin, mas sind cland DE, ata a Spiorad agar n'anmughadh, & ag'ar mbrostughadh gana

[TD 69]

bheth an'amharus ar biodh duínn sind fein do bhreth go companta caibhneasach chuige, amhail go soich ar n'athair: & suil (tríd go bfnilmid jnar mbiastibh, & arar múchadh le tuigse ar bpeacadh) bhias gairbhe, & uamhana chumhacht gloireamhla oraínd, ata se acur CHRIOST jna aidhne jnar gcomhair neoch ar mbeth dó ag foscladh entreasa, & dorais, nach inbethe dhuínn rochuramach fa ghrás, & fhobhar d'fhaghail.

252. Ata tu ag tuigse nach jonghuidhthe Dhia acht an'ainm Christ jna aonar?

Is amhlaidh sin thuigim: oir is amhlaidh so aitheantar dhúinn le foclaibh soillere, & ata angealladh arna chur les go ndenand se fos le aidhneas, go bfagham na nethe jairmaid.

253. Maseadh ni hinagarrtha arscáhh luath ghaire no ardain an tí ar mbeth do n'aidhnese aige dho, tig go companta go Día. & chuireas an tIosasa fa chomhair DE, & fa chomhair fein, neoch trés agcluintear é?

Ni hinagartha ar mhodh ar biodh: oir an tí do ni uirnaidhe marsin, ata se mur bhudheadh agabhail, & ag deanamh uirnaidhe as a bheulson: ar mbeth feasach dhó a uirnaidhe fein do bheth arna chuidiughadh, & arna furail tré aidhneason ar an'athair.

DOMH. 37.

254. LAmhaigheam anois creud dhligheadh uirnaidheadha na gcredeambnach do chomhchondamhail an gcedaigheach gach ni tig inar n'aigheadh, diarraidh ar Dhiá jna an

[TD 70]

bfuil riaghail áiridhe re chongmhail and so?

Do budh ro egcneasda an modh, no an t'ordughadh ar nanmiana fein, & breatheamhnas na feola do leanmhuin: oir is aimghere neamhthuigsighe sind jna go bfedam creud is tarbhach dhuíun do bhreathnughadh, & ata lethéd sin do mhímhódh sainte jondaínd, is egin do chosg le srian do chur riu.

255. Creud maseadh is indeanta?

Ata an t'enise d'fhuigheal re dhenamh: aghon, Dîa fein do chur romham ceart fhoirm uirnaidhe do dhénam, jondas go leanam é amhain, ar mbeth ag'ar giulan dó ar laimh, & ag labhairt na bfocal romhaínd.

256. Cia an riaghail do dhenamh uirnaidhe do chuir se romaínd?

Ata go demhin isin scriobhtur teagasg farsing, saibhir adtimchiol a'nethse go hiomdha: ach do chum go saitheadh, & go gcuireadh se comhairdha dearbtha romhaínd, do rinde, & mar budheadh do dheacht se an bheag fhoirmse, le'r chomhchondaimh se go haithghear, & le dtug se go beagan do cheandaibh an ordughadh gach ní is cedaigheach d'iairaidh ar Dhiá, & is tarbach dhúinne.

257. Aithris?

Ar mbeth do CHRIOSD arna fhiafraigh le dhesciblaib; cia an modh ar ar bhíndenta guidhe, do fhreagair, an tan is ail libh guidhe do dhenamh; abraidh mar so.

[TD 71]

AR N'atharne ata ar neamhdhaibh, goma naomhtha hainmsa, go dtí do righese, goma denta do thoilse adtalmhain mar ata ar neamh: tabhair dhuinne aníogh arn'aran laotheamhail: & maith dhuinne ar bfiacha, amhail mhaithmaidne d'ar bfécheamhnaibh: & na cíulaín ambuaireadh sind, ach saor sind ó n'olc: oir is leatsa an rioghacht, a'neart, & an ghloir gus na saoghalaibh, biodh amhluidh.

258. Do chum gomadh ferde thuigfidhe creud chomchongmhas si, roindeam í agceandaibh?

Ata sé cotcha aice; da bfuilid na trí chéd chotcha agamharc ar gloir DHE déncuid, amhail agcríche airídhe fein gan fhechain oirne: beanaidh na fuighile rinde, & rér dtarbha.

259. Maseadh ane gur bhîn iarrtha ni ar bióth ar Dia, as nach fhedar maoion do mhaith theacht chugaind?

Ata sesean go demhin acomhshuidhiughadh na n'uile amhlaidh sin do rér amhaitheasa nemhchriochnaighthe fein, jondas nach rachadh no nach dtigeadh maoín do chum aghloiresan, nach biadh fallan dùinne maraon: aran adhbharfin antan naomthar ainmsan, do ní, & do bher se go ni ompoidhear sin go naomhadh dhúinne maraon, nithiocfa aríghesan, gan sinde do bheth ar chor égin inar luchtghabala parta, & coda dhi: gidheadh an'athchuinche n'uile níse, is iniártha ghloirson amhain, iar ndul seacha & iar bhfagbhail ar dtarbha fein inar ndiaidh.

260. Maseadh do rer an teagaisge ataid

[TD 72]

na trí hathchuinchse arna gcur abfochair achéle, & ar dtarbhaine go demhin, gidheadh nj dhlighadh daoine aseolughadh, & andírgheadh ar cuspoir el, acht ar so, do chum go ngloirfidhe aínm Dé?

Is amhlaidh sin ata: & do bharr dligidh sind anghloir sin fein DE, do bheth jna churam oraínd is na trí hiarratasaibh ele maraon: gidh be ar bioth mar ataid arna n'ordughadh go haíridhe gus na nethibhsin, ata do chum ar slanaighe, & ar dtarbha fein.

DOMHNAC. 38.

261. TEgheam anois go míniughadh, & go hiomfhosgladh na bfocal: & ar tús creud fa mó do bhearthar ainm an'athar do Dhia and so jna ainm ele ar bioth?

O jarrthar do chum ceart mhodha guidhe dóchus sámhach daingean an choinsiasa os an'uile, ata DIA agabhail ananmasa chuige fein, ag nach fhuil maoín ac fuáidhm fiórbhlastachta, do chum jar gcrathadh, & jar bfuadach gách uile dhoilghise, & rochúraim as ar n'indtindibh go ndenadh se ar gcuireadh go companta caibhneasach chuige fein da eadarghuidhe.

262. Maseadh ane gurab dána lind; no ambiaidh achroidhe againd dul gach díreach ga Dia, mar ghnathaigheas an chland dhul do chum an'aitreadh?

Is dána choidhche; & fós le dóchus fhaghala na netheadh járrmaid, ni is daingne go mór: jna téd siadson: oir amhail ata ar maighistir ag tahhairt rabhaidh; mase ar mbeth dhúinne olc

[TD 73]

nach fhedmaid nethe maithe do diultadh d'ar gcloind, & nach bfuileongam a ndul folamh, & nach síneam puindseon ar son arain doibh: ca mhéd an bárr maitheasa is infhethme dhúinne on'athair neamhdha, neoch fein ata (ni he amhain) romhaith, ach maille ris sin an maitheas fein.

263. Nach fedir argument do bhreth as an ainmse maraon, le bfeidir a'ní adubhrais ar tús to dhearbhadh gurab air aidhneasa Chríost is égin an'uile uirrnaidhe do shuidhjughadh?

Féidir go demhin go ro dhaingean: oir ni fhuilmid ag Dia an aít chloinde, acht an méd gurab sind boill Chríost.

264. Creud fa ngoireand tu do Dhia ar n'athairne go ciotchiond, ni is taosga, ino t'athair fén amhain?

Fédaidh go demhin gach aon dona credeamhnachaibh a Athair fein do ghairm Dhe, acht is vime do ghnáthaigh an tighe arna an t'epithet coitchiondsa, do chum sinde do chleachtadh ghrádha do chumhdach jnar n'urrnaidhibh: d'eagla go mbiadh achùram fein ar gach aon fo-leth dés na ne'ele do dhearmad.

265. Creud is seadh don bheagchuidse ata arna chur les DÍA do bheth ar neamhdhaibh?

Is jonand é & go ngoireand se dhe fein ardchumhachtach nemghreamaighthe.

266. Creud fa n'abair tu sin, & cia an modh?

Ar an modhsa; vmaro, atamaid ar ar dteagasg ar n'indtindeadh do thogbhail an'airde an tan eadarghuidheam é: d'eagla go smuaineam ní ar bioth feolamhail, no talmhaidh jna thimchiol:

[TD 74]

no go dtoimheosam le gabhail no le tuigse ar dtomhaisne é, d'eagla ar mbreathnugadh én nech vsísil duínn; gur bhail lind atharraing, go humhla, & freasdal ar dtoile fein, ach sind d'fhoghlum ni is mó amhorghalacht ghloirmharrdhason dh'onorughadh le heagla, & le reuerens, & amharc orra an'airde: is fíu, & is maith so maraon do d'húsgadh, & do dhaingneochadh ar ndóchais andson, an tan chuirthear agcell gurab esean an tighearna, & an Priondsa, ata ag riaghladh na n'uile le mhían & thoil fein.

DOMHNAC. 39.

267. Aithris damh suím an chéd iarrtais?

Ata an scriptur ag tuigse tre ainm DE aneolais, & an chló le moltar é am easg dhaoine ar sin a tamaid aguidhe aghloiresan do dhul an'airde in gach aít, & is in vile.

268. Acht an fhédir maoin do theacht no do chur le gloír DE ino do dhul & do bhreth vaithe?

Ni chindeand, & ni mhetheand sí inte fein, gidheadh athchuincheam afoillseochadh am easg dhaoine amhail is iomchubhaidh, jondas gach ní dha ndén Dia: aghon, go dtarbharthaoi, & go bfaicthi auile oibrighthe comhghloireamhla, & ataid; jondas go ngloirfidhe é fein ar gach en chor.

269. Creud thuígeas tu isin dara hiarratus tre rioghacht Dé?

Ata sí acoimhsheasamh ar dha bháll go prionscipalta: aghon, sé do riaghladh na daoine tóghtha le Spiorad fein, & se do leagadh sios & adtoirbherth da scrios na daoine mallaighthe

[TD 75]

diultaighthe, les nach aíl jad fein do thoirbherth dósan do chum umhla; jondas go ndéntaoi follus mar sin nach fédadh nî ar bioth seasamh no cur an'aghaidh a'neart, no chumhacht.

270. Ciondas ata tu aguidhe an rioghachtsa do theacht?

An tighearna do mhédughadh uimhire na gcredeamhnach gach én lá: jna dhiaidh sin sé dho dhórtadh nuaidh thioghlaice a Spiorad fein orra, go lán lionand se jad: tuilleadh ele se dó dhénamh a fhirinde fein follus soiller am easg dhaoine ni is mó, & ni is mó do chum dhorchadais Shathain d'fuadach, & dionarbadh jondas ag tabhairt amach aiondraccas fein, dó go gcuirfedh se ar gcúl, agas go scriosadh se gach uile esiondracas.

271. Ané nach fhuilid na nechese aga ndenamh gach én la?

Ataid ar an modh úd; jondas go bfédthaoi aragha gur thiondsgain rioghacht DE: ar an adhbhur sin atamaid ag aslach afhás achindeamhain, & adhul a nairde, no go reach sí gus an'ardmhórmhullach a'níatamaid d'earbadh, & d'fhetheamh do theacht fadheoidh isin la dhégheanach ina n'ardaighthe, & a lérgheoir DIA go follas ina aonar iar gcomhthiomain, & iar gcruindiugadh na n'uile chreatuiredha an'ordughadh dhô, & ni is mô gombiadh sé jna uile isna huilibh.

DOMHNAC. 40.

272. A'NI ata tu dh'iarraidh; go dentar a thoil creud an seodh ata aige?

[TD 76]

Go dtabharthaoi na huile creatur fa chuing a umhla, & go mbedis coimhfhreagarach da smédadh, jondas nach déntaoi e'ní ach le thoil, & le mhianson.

273. Maseadh a dtugeand tu go bfeidir ni ar bioth do dhenamh tar a thoil?

Ni fuilmid a guidhe amhaín, a'neth do chondarcus do jna fhochair fein do theacht go crích: ach maille ris sin ar gceansughadh, & iar gcur fa chuing gach uile asumhla dhó go gcurfadh se uile thoil na n'uile fa thoil fen, & go suidheochadh se jad jna umhla fein.

274. Ane nach fhuílmid, ag tabhairt cúil re'r dtoil fén; an tan do nímid guidh' mar sin?

Atamaid choidhche; nj do chum na crichese amhaín, sé do chur do nemhni gach uile mhian, ata 'iondaind a cathughadh an'aghaidh a thoile, ach maille ris sin go bfoirmeadh, & go ndenadh sé jndtinde nuaidhe, & croideadha nuada jondaing, jondas nar b'ail lind maoin do dhenamh uaind fein, ach ni is taosca a Spioradson do bheth d'uachtaran ag ar dtoil do chum lan chomaontughadh do bheth aca le DIA.

275. Creud as abfuil tu ag asluch sin do bheth dénta ar talmhuin, mar ata ar neamh?

Ar son go bfuil an t'én phurpoise ag na naomh ainglibh, nech is iad a chreatuíreadha neamdhasou; aghon, ambheth freagarach dò isin vile & vmhal da bhriathribh, & vllamh ésgaidh do dhenamh a iarratuis go deonaighthach: atamaid ag aslach aléthed sin do dhícheal, & dhésgai-

[TD 77]

dheacht, fa bheth umhal, do bheth ar daoinibh, jondas go dtoirbheradh gach duine è fein go huilidhe dò an'umhla dheonaigh.

DOMHNAC. 41.

276. ANois tigeam go soich an dara cuid: creud shignidheas duit an .'aran laoitheamhail, ata tu dhíarraidh?

Go generalta gach ní is nfheadhma do choimhéd na beathadh latharrdhasa, ni he amhain da biathadh. & da hoileamhain no da chlùdadh ach maille ris sin do thabhairt di na n'uile chuidhiughadh ele, le gcon daimthear suas riochtanaisaleas na beathadh amuigh, jondas go n'icheam an naran go samhach, isin mhed is aith nidh don tighearna abheth tarbhach dhuinne.

277. Ach creud as anguidheand tû é tioghlacadh duit a'ní, ata se dhíarraid oraing a chosnamh, & adhenamh le saothar arlamh?

Gehin thaothraighthe dhuinn, & fos le'r hallas do chosnamh bídh:

gidheadh ni ler saothar fein, no le'r nés-gaidheacht bhiathar, & beathaighear sind, ach le beandachadh DE d'en chuid, neoch le ndentar sona saothar ar lámh: do bhiad folamh ar modh ele; aghon; abfégmhais anbheandaighthe sin: tuilleadh ele is inghabhtha, & is jontuige so ar an gcorsa; an'uair fein bheas saibhreas bídh lámh re'r lámh, & sind aga iththe, gidheadh nach le shubstaintson ach, le bridh & le cumhachtaibh DE bheathaighear sinn: oír ni fhuil alethéd so do bhrídh, & do neart aca arna gheneamhain jonta fein o naduír, acht is se Dia ata

[TD 78]

ag freasdal leo do bhair nimhe dhuinn, mar budheadh le ballaibh meadhonach a dheghthoirbhertais.

278. Ach cía an dligheadh le ngoireand tu haran fein de, an mhéd go bfuil tú agatach a tahhairt duit le dia?

Ar son, umaro: go dêntar ar n'araine de tre mhaitheas DE, gen go bfuil se d'fhiachaibh againd amuigh ar mhodh ar bioth: ata rabhadh arna thabhairt duinne maraon, les an fhocalsa; sind d'ar dtemperadh, & d'ar gcosg fein o shanthughadh arain dhaoine ele, & ar mbeth comhchondaimthe, no toileamhail les an'aran sin ata ag teacht chugaind, & ag rochtain oraind le cor ro laghamhail mar bhudheadh ó laimh DE.

279. Creud as agcuireann tú les laoidheamhail, & aniú?

Atamaid arar dteagasg go measarrdheacht, & go congmalacht les an da bheagchuidse; d'eagla go rachdis ar n'anmiana, & ar dtoile tar mhodh an riochtanais a leas.

280. O dho dhligheadh so a bheth jna urrnaidh choitchind ag anuile dhuine ciondas fbédas sin abheth, jondas go n'iarrdis na daione saibhre aga bfuil a'ni ag dul tarra ag baile, & aga bfuil bjotaile adtaisgidh re fad daimsir aran do thabhart doibh gach laoi?

Is egin da gach saibhir, & do gach daiboir maraon so do thuigse, & adherbhfhios do bheth aca; nach dénand maoin da bfuil aca tarbha dhoibh, acht an mhéd choimhdheonaigheas DIA a ngnathugadh do thabhairt doibh: & do ní sé

[TD 79]

le grhás a ngnathughadh sin fein do bheth lán toraidh, & briogmhar maraon ar an adhbhar sin ag selbheochadh, & ag mealadh na n'uile dhuinn, ni fhuil maoin againd, acht an mhéd atamaid do ghabhail gach én uair as laimh DE, isin mhéd riogar dho leas, & is lór dhúinn.

DOMH. 42.

281. CREVD chongmhas an chúigadh jarratus?

An tighearna do mhaitheamh ar bpeacadh dhuínn.

282. Ané nach faghar, neoch ar bioth don chineadh dhaona coimhiondraic ag nach fuil fédhm ar an mhaiteamhnasa?

Ni fhaghar ar mhodh ar bioth: oir an tan tug Criost an fhoirmse do dhénamh uirnaidhe da Astpolaibh fein; do ordaigh se í don eaglais go huilidhe: ar an adhbharsa ge b'e ar bioth lenab ail é fein do bhreth amach as an'egeantasa, is egin dó dul amach acomand na gredeamhnach maraon, & go firindeach do cluindmid, creud ata an scriobtur d'fiadhnaisiughadh, an tî: umaro, thairgeas é fein do ghlanadh an'en pheacadh abfiadhaise DE, go bfagar é ciontach amílltibh: ar sin ata én chadhas arna fhágbhail fa chomhuir a'uile, a throcaireson.

283. Ciondas bhreathnaigheas tu ar bpeacaidh do mhaiteamh dhúinn?

Amhail ataid focail Chriost fein agfuaidhmughadh; gurab anmanda, & fiacha jád ata agar gcongmhail ceangailte le cíontibh báis tsuthain

[TD 80]

no go bfuasglaidh Día sind le fhior oineach fén.

284. Ader tu maseadh gurab anaisge, & do throicare Dé do ghebhmid maitheamhnas na bpeacadh.

Aderim choidhche: oir da mbeth pián no dioghaltus en pheacaidh is ro lugha ar bioth re dhíol, & re joc; ni bhimis feast aibel do dhénamh dioluidheacht ar á scáth: vime sin is egin dósan an'vile do mhaitheamh, & do chomhthioghlaicadh anaisge.

285. Creud an tarbha tig chugaind as an mhaiteamhnasa?

Go mbeam isin ám sin fein comhthoileamhail dó, & gurab é ar mbeatha aige; jondas go mbimis fírentach, nemhchiontach: ata dôchus adheaghtoile aithreamhlason, (as adtig dearbh shlánughadh chugaind) ar na dhaingniughadh d'ar gcoinsiasaibh maraon.

286. Ane is seadh don chundradhsa ata arna chur les (sé do thabhairt mhaitheamhnas duínn, amhail maithmaidne d'ar bfetheamhnaibh) go dtuill sind luadhaigheacht. no pardun ó Dhia, ag maitheamh dhuínn do dhaoinibh ma dho rindeadar en pheacadh jnar n'aghaidh?

Ni headh choidhche: oir is amhlaidh anois ni bhiadh an maitheamhnas anaisge, & ni bhiadh se arna shuidhiughadh, amhail bhudh coír; ar én dioluidheacht Chriost, neoch do chrioch naigh se arar son ar an gcroigh: acht arson ag dearmad na n'egcóra dhuínn do rindeadh oraínd an gcen atamaid ag leanmhuin a shémhi-

[TD 81]

dheachta, & a mhaitheasason, bfuilmid ag nochtadh ar mbeth inar gcloind dó dha riribh: uime sin do bail les ar gcomhdhaingniughadh les an suaigheantasa & a nochtadh go contrarrtha maraon; muna tabhram sind fein vrasa vllamh, & so lubtha do thabhairt maitheamhnais amach nach infethmhe dhuínn maoin ele, acht ardchruas, & tende, nach fhéidir do thabhairt tar ais le guidhe.

287. Maseadh ader tu and so: go gcuir Dia dhe ambeth aige anáit cloinde an lion, nach bféd a lochta do chur fa lár ó gcroidhe, jondas nach binbhethe dhoibh dóigh aca na jonadh ar bioth dfaghail ar neamh?

Is amhlaidh sin thuigim: jondas go gcoimhliontaighe súd, go n'ath dtoimhstear da gach aon fo leth les an tomhas chédna sin ghnáthoigheas sé d'ar ele.

DOMH. 43.

288. Creud leanas jna dhiaidh so?

Gan an tighearna dar gciulan am buaireadh, acht ni is taosca, se d'ar saoradh ó nolc.

289. An bfuil tu da dhruideadh so vile an'én iarratas.

Ni bfuil and, acht én jairatus, oir is miniughadh don chéd chuid, an chuid dhegheanach.

290. Creud chomhchongmhas se go suimeamhail?

Gan an tighearna do legean duínn tuitim, no sleamhnughadh abpeacadh, gan sé do legean

[TD 82]

don diabhol no d'anmhianaibh ar bfeola fein (ata acongmhail gnáth chogaidh jnar n'aghaidh) dul aca oraínd, ach sé dargcludadh ni is mo le chumhacht, & nert fein do chur jna n'aghaidh, sé d'ar gcongmhail anairde le laimh, sé d'ar seasamh, & dar gcoimed le garda; jondas go n'a-aitreabham amhlaidh sin fa dh'aingnibh fhírinde, & dhideanson.

291. Acht cia an modh le n'déntar sin?

An tan (ar mbeth ar ar riaghladh le Spiorad son duínn) beam arar lionadh le lethed sin do gháol, & do shérc jondracais, le bfédam an peacadh, an fheoil, & Satan do chlaoi, & buaidh do bhreth orra, arís an tan bbeam arar lionadh le lethed sin d'fuath peacaidh neoch do fhédfadh ar gcomhcondhamhail tearbaighthe ó n'domhan a naomhdachtghloir: oir is ambriogh, & aneart an Spiorad ata ar mbuaidh agcur catha acoimhsheasamh.

292. An bfuilid anuile abfédhm an chuidighese?

Ataid: & cia do fhefadh a bheth jna fhégmhais? Oir ata an diabhol agar nionsuidhe do ghnáth & ag'ar dtimchiolladh, mar leoghan béceadhach ag'jarraidh a'neoch do fhédfadh sé shlugédh, & do uile thuitfadh sinde les go prap trés an anmhfaide ata jondaing, & ní is mò do mhillfidhe sind, & do rachadh as duinne gach aon mhoiment, muna chludadh DIA sind le edíth fein, & muna neartaigheadh sé sind le laimh.

[TD 83]

293. C'reud is seadh dhuit dfhocal an bhuaireg?

Gaois, & mealltoracht Shathaiu, le bfuil sé do gnáth dar n'aidherbeadh, & lenab urasa dhó ar mealladh go luath, & teacht jn'ar dtimchiol, muna cúidighthe sind le nert DE: oir ata ar nindtind do rér a haimhidheacht duithche fein fa chealgaibhson, & amhail ata ar n'aigheadh: & ar dtoil nj is tende righthe do chum uilc, jno do chummaitheasa, is amhlaidh sin do rachadh aigeson orra.

294. Ach creud as anguidheand tú gan dia d'ar gciulan amhbuarraidh ani do chiotar nach le Dia ach le Satan go hairidhe?

Amhail ata Dia a coimhed na gcredeamhnacha le dhidean fein, d'eagla go gclaoifidhe jád le Satain, jno go rachadh ag an bpeacadh orra: is amhlaidh sin an lion is ail les do sciúrsadh, ni fhuil sé aga ndighughadh amháin fa ghrás fén, ach maille ris sin ata se aga dtoirbherth d'fhoire-égin, & d'fhoirnert Shatain, aga mbualadh le doille, & aga dtélgéan an'jndtind dhamainte mhallaighe, jondas go mbedis jna seruontaibh daortha don pheacadh go huilidhe, & arna gcur amach fa chomhair gach aon ruáthair, agas amais buairidh.

295. Creud is seadh don chlausa jno don mbheagdhrudda do chuireadh les: oir is leatsa an righe, anairt, & an ghloir go soith na saighalaib biodh amhluidh.

Atamaid arar dteagasg aris and so; gurab mhó ataid ar n'uirnaidhe arna gcondamhail suas le

[TD 84]

neart, & le maitheas Dé, ina ler n'dóchas fein tuilleadh ele atamaid arar dteagasg ar n'uile urnaidhe do dhrud le hadhmoladh Dé.

DOMH. 44.

296. ANe nach ceadaigheach maoin ar bioth diarraidh ar Dhia, acht an ni ata arna chomhchondamhail is in mbheag fhoirmse?

Ge ata ceadaigheach guidhe do denam le foclaibh ele, & le modh ele: gidheadh is amhlaidh so is jnghabhtha a'nise nach bhféd uirnaidh ar bioth Día do thoiliughadh nach gcuirtheas, & nach légthear go soich so amhail èn riaghla do dhénamh guidhe go hiomchubhuidh.

ADTIMCHÍOL FOCAIL DE.

297. ANois ata modh an'ordáigthe do chuireamar romhaind ag jarraidh oraind labhairt, adtimcbiol an ceathraimhthe cuid d'onoir, & do sherbis Dé?

Adubhramar so do bheth ar na chur and sud: aghon, sind d'aithne DE do bheth jna ughdar na n'uile mhaitheasa, & sind do ghloirfeadh amhaitheasa, afhiréntachta aghliocais, achumacht, le moladh, & le haltachadh: jondas go mbiadhgloir na n'uile mhaitheasa jna shuidhe jna fhochair fein.

[TD 85]

298. Ané nach ar chuir se riaghail ar bioth far gcomhair ar an gcuidhse?

Dlighid gach éin mholadh ata aige isin scriobtur abheth againd arson riaghla.

299. Ané nach fhuil ag an orrtha dhomhnaigh éiní bheanas ris so?

Ata; umaro an tan iarmaid a ainm do naomhadh; atamaid aga jarraidh so: aghon, aghloir fein do bheth follus jna uile oibrighibh, jondas, go mbreathnaighthear é (mas maitheamhnas do bher sé do pheacachaibh) trocaireach no (mas dioghaltus jmreas é) ceart: jno (ma do choimhgheallas sé aní do gheall se da d'aoiníbh fcín) fírindeach: fadheoidh gach uile do chlam da oibrighibh siad d'ar n'dúsgadh da ghloireadh, & is se so moladh na n'uile mhaitheasa do thabhairt dó.

300. Creud fadheoidh thionolus sind as as na nethibh sin do lamhaigheadh lind go soich so?

A'ni: umaro, ata an fhírinde fén ag teagasg, & do chuireas fein siós ar tús gurab í so an bheatha shuithain; an t'aon Día fírindeach thathair d'aithne, & aneoch do chuir se chugaind IOSA CRIOST esean aderim d'aithne; jondas go dtabhram a onoir dhligheach fein go daingean dô, & go mbiadh se ni he amhain jna thigearna ach maille ris sin jna athair, & jna shlanaightheoir: & go mbimis fa gcuairt jnar gcloind, & jnar serbhontadhibh dhósan: agas ar sin sind do choisreacadh, & d'or dughadh ar mbeathadh d'foillseochah aghloire.

[TD 86]

DOMHNACH. 45.

301. CIA slighe le dtigthear go soich anoireadsa do mhaith?

Do fhagaibh sé afhocal naomtha fein againd go soich an gcríchse: oir is teagasg Spioradalta é, mar dhorras égin ar abhfuilmid ag dul

isteach jna rioghacht neamhdhason.

302. Cáit jnar bin jarrtha dhuinn an focalsa?

Is na Scriptoribh naomhtha, agcomhchondaimhthear é.

303. Ciondas is jnghnáthaighe, é jondas go bhfuighe tu tarbha as?

Da ngabham é le teand persuasion, & dearbhhdhóchas an chroidhe gan égcosmhaileas, achtamhail an fhírinde tainic anuas do bharr nimhe da deoirbheream sinn fein sotheagaisgthe dhó: da gcuiream ar dtoile, & ar nindtinde fa umhlason: da gaoligheam ê l'er n'anam: masé ar mbeth dhó arna chur én uair agcló inar gcroidhibh go mbia freamha sáite aige jonta; jondas go dtabhradh sé toradh amach isin mbheathaidhse: fadheoidh mase go b'foirmthear, & go gcosmhailthear sind do reir ariaghlason: ted sé isin ám sin fein do chum slanaigh dhuinn amhail do hordaigheadh é.

304. Ané uach b'suilid na nechese arna gcur jnar gcumhachtaibhne?

Ni fhuil maoin dibh choidhche, acht is re Dia bheanas an'uile nise adhubhras do chriochnughadh le grás a Spiorad fein?

305. Acht ané nach jndénta duínn dícheal

[TD 87]

& nach jontairgthe le gach uile stuider tarbha do dhénamh les aga léghadh, & aga esteacht, agas aga smuaineadh?

Is indénta cheana, & chumhdaigheadh gach én duine é fein le léghoracht laoitheamhail go huaigheach, & òs an'uile ní thigeadh siad go menic abfhochair achéle d'esteacht sermona go dícheallach abail abfhoscaoiltear teagasg an tslanaighe agcoimhthionol na gcredeamhnacha.

306. Maseadh ata tu ag aicheodh gurab lór, da léghadh gach duine é do lethoir jna thigh, muna comhchruindighidh an'uile maraon abfhochair achéle go coithchiond d'esteacht an teagaisg chédna?

Is égin cruindiughadh abhail jnar gceadaigheach é is se so, antan ghebhthar comas.

307. Ab'fedand tú so do dhearbhadh dham?

Dlighid én toil an tighearna fóghnadh arson dearbhtha dhuínú go hiomarcach, acht is amhlaidh ata gur furail sé an tordughadhsa ar a Eaglais fein neoch n'ar bhionchoimheda dhias no do thriur amhain, acht jna mbedis an'uile go coitchiond: ader sé do bharr gurab é so én modh, & en cor ar adtógaibhthear & ar agcoimhédar í: maseadh biadh an riaghail naomhtha nemhbhrístese againd, agas na breathnaigheadh én duine gurab ceadaigheach dhó ghliocas do bheth aige os ciond amhaigistir.

308. Maseadh nach égin bu achaileadha do bheth aguibherrnoracht na heaglaise, & ambheth roimpe?

[TD 88]

Is egin maille re mbeth and; an'esteacht maraon, & an teagasg sin Chriost ataid do chur gc'ell do ghabhail as ambèlaibh le heagla, & le reuerens ar an adhbharsa an tí ata aga dtarcaisneachadh, & les nach fíu, & dhiúltas an'éstacht ata sé ag tarcaisneochadh Chriost, & aga ghearradh fein ó chommand na gcredeamhnacha.

309. Ane gurab lór do Chriostaidh abheth én uair arna thegasg ó bhuachaile fein ino andligheand se an cúrsasa chondamhail arfeadh abheathadh gu huilidhe?

Is beag suarach tionosgna do dhénamh muna mhaire thu go buan: oir is égin duinn abheth in'ar ndesciblaibh do Chriost go soich dereadh no gan dereadh: & tug sé anoificese do ministribh a Eaglaise dar dteagasgne ina aít fein, & ina ainm.

ADTIMCHIOL NA SACRAMENTE.

DOMHNACH. 46.

310. NACH bfuil meadhon ele on fhocal le gcomaoinigheand Dia é fén rinde?

Do chuir sé na sacramento maille re sermonachadh a fhocail.

311. Creud é an tsacacrament?

Comharrdha faicseanach amuigh dheaghthoile Dé oraind, neoch ata ag fioghruhadh grasa Spioradalta le suagheantus faicseanach do shelu-

[TD 89]

ghadh, & do, dhaingniughadh geallta DE inar gcroidhibh: jondas, goma fearde do chomhdhaingeneocha bfírinde.

312. An bfuil an oirradsa do bhríogh, & do nert isin tsuagheantus fhaicseanaigh; jondas, gobfedan sé na coinsiasa do dhaingniughadh andóchas an tslanaighe?

Ni fhuil sin aice dhi fein gan amharus, acht do dheoin, & do thoil DE arson gur hordaigneadh les í gus an gcrichse.

313. Os obair airidhe an Spiorad gheallta Dé do shelughadh inar gcridhibh ciondas ata túsa do thabairt so dona sacramentibh?

Is fada, & is adbhal an teadardheallughadh ata eatorra sin: oir is

ar an Spiorad naomh fhearus na nechese dariribh; aghon, na croidheadha do ghluasacht, do bhogadh, & do maothughadh, nahindtinde d'foillieochadh, na coinsiasa do dhéneamh samach; jondas, go n'dleaghar aní sin uile do bhreathnughadh abheth ina ghníomharuidhe dhósan, & ambuidhechas do thabhairt dó gan amholadh do chur íul ele: gidheadh ní loighide ghnáthaigheas Día na sacrameinte mar bhalla meadhonacha, & go guireand sé jad gus an tarbha do chiothar dhó fein, & go dén sé sin ar mhodh; jondas, nach beartha maoin ó bhrígh an Spiorad.

314. An b'fuil tú ag breathnughadh nach isin element a muigh ata briógh na sacrament jata, ach gurab ó Spiorad DE ata sé agsruthshileadh, & agttachtgo lér?

[TD 90]

Is amhlaidh sin bhreathnaighim: amhail; umaro, budhthoileach les an tigearna abhrígh & a'nert fein do nochdadh le orghanibh no le ballaidh freasthail do chum na críche gus ar ordaigh sê jad a'ní ata sé do dhénamh go demhin ar mhodh jondas nach ber sé maoin ó bhrígh a Spiorad fein.

315. An bfédand tú an tadhbar as an'dénand sé sin d'jndisin damh?

Fédaim ata sé: vmaro, ar angcorsa acuidiughadh ler nanmfhainde, & agabhail aice: oir da mbimis vile Spioradalta, mar aingle do fhédfamaois é fein araon, & aghrása d'amharc go Spirodalta, acht ó tamaid arar dtimchiolladh les an mheallsa an chuirp thalmhaidhe, ata fedhem agaid ar fioghraibh no ar comharrdhaib; neoch do fhédfadh ar modh egin talmhaidhe sealmhadh na necheadh Spioradalta, & neamhdha do thabhairt duínn; oir ni fédmuid ar modh ele teacht chuca, no rochtain orra, ata tabacht duinn maraon ar n'uile chédfaidh do bheth arna gcleachtadh jna gealltaibh, jondas, goma fearrde do chomhdhaingneochaighthe dhuíinne jad.

DOMHNAC. 47.

316. MAs fírindeach gurab vime sin do hordaigheadh na sacrameinte le Dia, da mbeth jna gcuidiughadh ar bhfeadhmaidhne nach dligeach adamnadh go tuillteanach arson vaibhreachais an tí bhreathnaigheadh go bhfedand sé a bheth jna bhfhégmhais, amhail neche neamhégeantacha?

[TD 91]

Is dligheach ar gach én mhodh; & ni is mô da seachna éneoc do dheoin an gnáthughadh mar nach biadh abfhédhem air, ata sé ag dénamh tarcaisne ar CHRIOSD ag díultadh aghrás, & a cur as, & ag mùchadh a Spiorad.

317. Ach creud andóchas ata as na Sacramentibh do dhaingniughadh ar gcoinsiasa, & creud é dearbhthadh an tsamhdais, & an daingnjghe

fhéidir do chomhghabhail do ní ataid na daoine olca, & maithe maraon aga ngnathugadh go coitchiond?

Ge do chuirdis na daoine aingidhe maithe, & grása Dé, ata arna f'urail orra is na sacramentibh (amhail aderaind) do nemhfní, an mhéd bheanas ríu fein: gidheadh ni chríochnaighear ar ashon sin gan ambhrídh fein & a nadvir d'anmhuin isna sacramentibh.

318. Cia an modh maseadh, & cuin leanas briógh na sacramenteádh anghnáthughadh?

An tan ghabham jad le credeamh ag iarraidh Chríost jonta amhain, & aghrás.

319. Creud fa nabair thú gur b'in jarrtha Chríost jonta?

Artúsa ag tuigse nach jnghreamaighthe, & nach ion leanta ris na comharraighdhaibh faicseanach: jondas go niomhaigheam, no go smuaineam slanugh; aghon; bríogh an ghrása do bheth játa jonta, acht is mó is jnghabhtha dhuinn an comharrdha an'áit cuidighe; jondas go n'dírgheadh sê sind go díreach go Críost ar mbheth dhuinn ag jarraidh ar n'ardaoibhnis, & ar slán-

[TD 92]

aighe dhaingin and.

320. O do jartharr credeamh do chum a ngabhala; & a nghnáthaighe; ciondas ader tú ad tabhairt dûinn do dhaingneochadh ar gcredimh; jondas gó ndénnand siad sind ni as sbiondamhla, ino do bhimis go soich so adtimchiol geallta DE.

Ni fóghnand an chredeamh do bheth èn nuair arna tiondsgna jondaínd muna bheathaighth'ar, & oiltar jondaínd e do ghnath, & muna mhèdaighar ni is mô, & ni is mô gach laoi jondaínd e: ar an adhbharsin do hordaighdadh na Sacramente les an tighearna da beathughadh da sbiondughadh, & da tógbhail suas a'nairde, a'ní ata Pól do chomharrdhughadh antan ader se tabhacht do bheth jonta do dhaingnighadh, & do shelughadh geallta DE.

321. Ach nach comharrdha neamhdhóchais so, gan chredeamh daingean do bheth, agaid angealltaibh Dé?

Ata so agnochthadh gan amharus anmhfaínde an chredimh da bhfuilid cland DE fein fós-go tind, gen go scuirid uime sin gan ambheth credeamhnach: ge taid fós ambeag chredeamh neamhfhoirse: oir an gcen aitreacham an domhansa, ataid fuighil nemdhóchais ag anmhuin do ghnath inar bfheoil, nachfedmaid do chur aiste ar modh ele, ach le gnath shaothar, & dul arar n'adhaidh go soich dhereadh ar mbeathadh ar sin is egin duinn dul arar n'aghaidh ni is sia.

DOMH. 48.

322. CA lion ataid Sacromente na heaglaise Criostaidhe?

[TD 93]

Ataid dias argach eu mhodh neoch is coitcheand a nghnáthughadh am easg an'uile Chriostaighe.

323. Cia hiad sin?

An baisteadh, & a naomh shuiper.

324. Ach creud an cosmhaileas, & an t'égcosmhaileas ata aca eatorra fén?

Ata an baisteadh agaid amhail dul isteach egin isin eaglais: oir ata fiadhnaise agaid andson ar mbeth dhuinn jnar n'allmharachaibh, & jnar gcoicreachaibh ar mhodh ele ar ngabhail anois adte aghlach DE, do chum go mbreathnaighthe sind am easg alucht tighe: & ata an truiper ag fiadhnaisiughadh Dia do beth dathoirbherth fein duinn ag béathughadh ar n'anmand.

325. Do chum gomadh soilleridhe do bhiadh abhfirinde araon duinn, lamhaigheam jna dtimchiol araon fo leth; artús cia é seadh an bhaishdigh?

Ata da chuid aigesin: oir fioghraightheair maitheamhnas na bpeacadh, & an aithbhreth Spioradalta and.

DOMH. 49.

326. CREUD an cosmhaileas ata isin uisge ris an nethibhse; jondas go daisbeanand se jad?

Is gné nighe maitheamhnas na bpeacadh neoch le nglantar ar nanmanda on salcharaibh fén amhail do nighthar les an uisge salchar an chuirp.

327. Creud ader tú adthimchiol na haith bhrethe?

An mhéd gurab é athoshachsa márbhadh ar naduírene, & adereadh ar mbeth jnar gcreatuíreadha madha: ata fioghar an bháis arna chur fa'r gcomar andson: an mhéd go gcuirthar an

[TD 94]

t'uisge arar gceand ach fioghair na naoidh beathadh and sin; an méd nach fuilmid ag anmhuin fa n'uisge arar mhbhathadh, ach go bfuilmid ag dul faoi re moment, amhail faoi fheart, jondas go dtiseam as, no anuachtar go luath.

328. An bfuil tú ag breathnughadh gurab é an t'uisge nighe an'anma?

Ni fhuilim choidche: oir do budh ègnesda an'onoirse do bhreth ó fhuil Chríost, neoch de doirtadhe fa nadhbarsin, do chum ar mbeth dar nuile fhalchar arnaglanhadh le, go ndenadh sí sind glan nemshalach abfhiadhnaise DE: & atamaid ag mothughadh tarbha anghlanta go demhin, antan chrathas, & choimhleas an Spiorad naomh ar gconsiasne les an fhuil choifraca sin: acht ata shelughadh sin agind isin tsacrament.

329. Ané nach fhuil tu ag tabhairt nech ele do n'uisge, acht abheth ina fhioghair na nighe Spioradalta.

Is amhlaidh aithneochum abheth inafhioghar jondas go bfhuil an fhírinde ceangailte les maraon: oir ni fhuil Dia ar mbeth dhó ageallhadh athioghlacladha dhúin d'ar meallhadh: ar an adhbhár sin is demhin maitheamhnas na bpeacadh, & naoidheacht beathadh do bheth arna bfhuirail oraínd, & arna ngabhail lind isin mbhaisteadh.

330. An bfuil athabacht féin ag an grás isin'uile go coitchiond?

Ni fhuil; oir atáid môran ar mbeth doibh ag drud an roíd rompa fein; ag tabhairt ar abheth

[TD 95]

nemtharbhach doibh; uime sin ni thiocfa athoradh, ach do chum na gcredeamhnach amhain: gidheadh ni fhuil maoin da haithle sin dul do naduir na Sacramente.

331. Achd c'áit as adtig an aithbhreth?

O bhás, & ó esérghe Chríost araon: oir ata an bhríghse jna bháson; go gcésthair ar sean duine trisin, & go n'jodhlaicthear ar modh égin locht na naduire suil chinneas se ni is mó jondaínd: acht an mhéd go n'aithfhoirmthear sind anaoidheacht beathadh do thabhairt umhla d'fhíréntacht DE is do thighlachadh na heseréghe sin.

332. Ciondas bhearar na tioglaice, & na maitheasa dhúinn trés an mbaistadh?

An mhéd muna dearnam na geallta ata arna dtairgse dhuíun andsin nemtharbhach le n'diúltadh go bfuilmid arar gcludadh le Criost, & go fhuil a Spiorad arna thioghlacladh dhuínn.

333. Ach creud is jn dénta dhúinn jondas go gnáthocham an baisbteadh go laghamhail?

Ata ceart gnáthugadh an bhaistidh arna chur agcredamh & anaithridhe: aghon, ar tús sind do bhreathnughadh ar mbeth dhuínn arar nglanadh ó gach uile shalchar le fuil Chríost gurab toileamhail le Día sind, & gurab é ar mbheatba aige: jna dhiaidh so sind fein do mhothughadh a Spioradson do bheth ag aitreabh jondaínd, & sind da thaisbeanadh sin le hoibrighibh amuigh abfhochar dhaoine ele; & gan sind dar cleachdadh fein asmuaineadaibh marbhaidh na feola, achd

an'umhlughadhfiorentachta DE.

[TD 96]

DOMH. 50.

334. Mase go bhfuilid na nechese arna n'iarraidh do chum gnáthaighe laghamhla an bhaistigh; ciondas do njthear lind an chland beag do bhaisteadh?

Ni hégin do ghnáth credeamh, & aithridhe do dhul rés an mbaisteadh; acht is ann jarrthar jad ona daoinibh ele amhain, neoch is aibel anois tré aois da ngabhail, & da dtuigse araon: ar an adhbhar sin is lór da dtughadh an chlandbheag amach bríogh, & toradh an bhaistadh jar dteasadh doibh go hois fhoirfe.

335. Nach bhféadand tú a nochtadh le résún gan égcneastacht ar bioth do bheth isin ní sin?

Fédir; da ndeonaighthear fós so dhamh; gan an tigearna d'ordughadh maoiné ata asaontadhach re résún: oir an mhéd go bhfuil Maoise, & an'uile Phaith ag teagasg gurab é an timchiolteascadh comharrdha na haithridhe, & fós gurab é Sacrament an chredímh le tesdis Phóil, ach gidheadh do chiamaid nachar chongaibh se amuigh an chlannbheg uaidhe.

336. Acht; ané gurab inlégthe an chlandbheag anois gus an mbaisteadh les an adhbharsin fein do bfiu, & do bhi ar buil isin timchiolteascadh?

Is inlégthe choighche les an adhbhar chédna; an mhéd go fhuilid na geallta do rinde DIA jar n'uair don phobul Israelta arna gcoitchionnchadh anois tré an'uile chrinde.

337. Ach nach fhuil tú cruindeochadh as so, gurab inghnáithagh an comharrdha maraon?

[TD 97]

Ge be ghérrandsaigheas roimhe, & jnadhiaidh go maith, to bher sé dear a ní so do leanmhvin: oir ní dearna Criost dhíne lucht comhparta ar an ngras sin tugadh roimhe d'israel ar angcunradhsa jondas go mbiadh sé ní budh doirche dhuínn ino ar modh ar bioth arna loighadhughadh, acht do chum go madh saibhríde, & gomadh móide do dhoirtfedh sé oraind é.

338. Maseadh an saoleand tú masé go mbacar an chlandbheag on mbaisteadh go dtéd ar ashon sin ní ar bioth do grhás Dé, jondas go bfédfaidh aragha gur beaghadh é le teacht Chríost?

Ata sin go demhin arna fhosgladh go soillar: oir ar mbreth an chomharrdha vaind (neoch do fhiadhnaisigh trocaire, & do

chomhdhaingnigh na geallta do bfiu móraon) do bhiadhd'ar n'díth comhfhurtacht oirrdherc do mealadar na sean daoin.

339. Maseadh is amhlaidh ata tú ag tuigse: O do bail le Dia isin tseantiomna (do chum gó nochtfadh se é fein ina athair na cloinde bige) geallta an tslanaighe do bheth ar na gcur agclo & arna ngrafadh le comharrdha faicseanach ina gcorpaibh: do budh nemhdhionghmhalta: da madh lugha do daingneochadh do bhiadh ag na daoinibh credeamhnacha, dés teachta Chriost: an mhéd go bfuil an gealladh cédna arna ordughadh dhuínn, do bhi n'uair égin dona haithribh, & go dtug Dia comharrdha aghradha, & a mhaitheasa ni is soillaire dhuínn jna tug sé dhoibhson.

Is amhlaidh sin thuigim: & do bharr ar so;

[TD 98]

os follus ni is lór briógh, & substainte (amhail aderaind) an baistigh do bheth coitchiond do na leanbaibh da n'diultaighe an combarrdha dhoibh, neoch is iochtraigh na an fhírinde: go ndéntaoi an tuil égcoir orra.

340. Cia seadh an cundraidh lenab ionbhaistigh na lenimh?

D'fiadhnaisiughadh gurab jadson oighreagha an bheandaighe do ghealladh do shíol na n'daoine gcredeamhhacha, do chum (jar naithe fírinde an bhaistigh dhoibh ar dteacht go haois fhoirfe dhoibh go dtuigidaois toradh as, & go dtabhradhdaois arís amach é.

DOMHNACH. 51.

341. ERgeam thairis gus an tsuiper, & ar tús do b'ail lium afhios d'fághail vaid creud asheadh?

Is ar an adhbhar sin do hordaigneidhe le Criost é do chum go dteagaisghadhe sé sind ar nanmanda do thògbhail an'dóchas na beathadh suthaine le comaoineochadh a fhéola, & afhola féin go ndénadh sé sin dearbhtha.

342. Ach creud as abhfioghraighear feoil no corp an tighearna les an aran, & afhuil les an bfión?

Teagaisgthear; umaro as sin sind cia an bhríogh ata ag an aran a n'oileamhain na gcorp do chongmhail suas na beathadh latharrdha: an bhrióghchédna do bheth ag corp an tighearna do bheathughadh na nanmand go Spioradalta: & mar nithear mear chroidhe na ndaoine les an bhfion athchumdhaighear ambriogha, & amhail

[TD 99]

spiondaighear an duine go lér lés: gurab amhlaidh sin ghabhthar na gnátha cédna le'r n'anmandibh ó fhuil an tighearna.

343. Maseadh; ané go bhfuilmid acaitheamh chujrp, & fhola an tighearna?

Is amhlaidh sin thuigim: an mhéd gurab andsan ata vile dhòchas ar slánaighe arna shuidhiughadh, & go n'aireamhthear dhuín an u'mhla do rinde sé do n'athair; amhlaidh, & go madh linde fein í: is égin ashelbhughadh, & amheladh lind: oir ni fhuil sê acomaoineochadh a mhaitheasa fein rind ar modh ele acht an mhéd ata sé da thabhairt, & da dhènamh fein duínn.

344. Acht, ané nach dtug se é fein duinn antan do chuir sé é fein fa chomhair an bháis, & do fhulaing sé é go deonaigheach, jondas (ar mbeth ar ar saoradh dhuínn ó bhreatheamhnas an bháis) go redhigheadh sé sind re athair?

Ata sin fírinndiach go demhin: ach ni lór duínn sin gan sind anois da ghabhail, jondas go bfédfadh briógh, & torhadh abháis rochtain oraínd.

345. Ach nach agcredeamh ata modh aghabhala a coimhsheasamh?

Admhuim gurab and: & atam aga chur so ina cheand maraon, gurab vime do nithear sin an gcen chredmid nihe amhain a dhul d'ég do chum go dteasairgeadh sé sind on bhás & a esérghe do chum go gcosnadh sé an bheatha shuthain dúinn: ach maille ris sin an gcen aithneocham abheth ag aitreabh jondaoind, & ar mbethne ceangailte riosan les an ghné aonachta sin, & com-

[TD 100]

aínd le bfuilid na buill ag leanmhuin, & abhfastodh re gceand, jondas go bfuilmid inar lucht parta auile mhaitheason le tioghlachadh na haonacht.

DOMHACHN. 52.

346. ANé gurab trés an tsuiper d'én chuid atamaid ag faghail an chomaonighese

Ni headh cheana: oir ata Criost fos arna chomhaoineochadh rind (le testis Phòil) trés an Seoisgel: & is cneasta ata Pól aga theagasg so an tan chluindeam ar mbeth fein inar gcnaimh da chnamhaibh, & inar bfeoil da fheoil gurab esean an'taran béo t'anaic anuas do bhárr nimhe do bheathugaadh ar nanmand; gurab áon sind maille ris amhail is áon esan ris an'athair & agcosmhaileas so

347. Creud ghébham do bhárr as an tsacrament, no creud an tuilleadh tarbha ata se do thabhairt chugaind?

Agso fein, umaro, an mhéd go comhdhaingnithear, & go médaighear dhúinn an comaoineaochadhsa adubhras: oir ge ata Criost arna thabhairt dhuínn isin tsoisgel, & isin mbaisteadh maraon, gidheadh

ni ghabhmaid go huilidhe é, acht a gcuid amhain.

348. Maseadh creud ata agind a Symbol no agcomhairtha an arain?

Corp Chriost amhail tugadh é'n vair an jobajrt é dar síothchainachadh re Dia gurab amhlaidh sin anois ata se arna thoirbhert dhuínn maraon, do chum go mbiadh adherbhíos againd gurab rind bheanas an tsiothchain.

[TD 101]

349. Creud ata agcomharrdha no a Symbol an fhiona?

Ata: amhail do dhoirt Criost é'n vair afhuil fein a n'dioluidheacht an bpeacadh, & a luach ar gceandaigh, & ar saortha: gurab amhlaidh sin anois ata se aga shíneadh, & aga tabhairt dhuínn re hibhe, do chum go mothaigheam an toradh dhligeas rochtain chugaind di.

350. Do rer na bfreagradhsa ata agad, ata suiper naomhtha an tighearna ag'ar gcur arís do chum abháis, jondas go mbiadh comaoineochadh a bhríogha againd?

Ata choighche: oir do chriochnaigheadh an'én jodhbairt shuthain andsin, neoch budh lór, & do fhoghain d'ar slanughadh; vime sin ni fhuil maoin d'suigheal, ach sind da mhealadh & da shealbhughadh.

351. Maseadh ni do chum na críchese do hordaigheadh an tsuiper, aghon, do thoirbhert cuirp a mhéc fein do Dhia athair?

Ni headh jdir: oir is aige fein ata an urraimse, os sagart suthain é, & is se so ataid afhocail fein do fhuaidhmughadh, an tan ader sé, gabhaidh, & ithaidh: oir ni fhuil sé ag tabhairtaithne and sin corp a mbec fein do thabhairt an'iodhbairt dó, ach sind da ithe, & da chaitheamh amhain.

DOMH. 53.

352. Creud fa bhfuilmid agnáthughadh dá chomharrdha?

Do chuidigh an tighearna ar nanmfainde

[TD 102]

an sin, do chum go dteagaisgeadh sé sind ni budh soillere; abheth fein ni he amhain jna bhiadh d'ar nanmandibh, ach maille ris sin ina dhigh, deagla go siream é'n chuid don bheathaidh Spioradalta an'aít ele, acht andson amhain.

353. And dlighid an'vile agcothrum angnathughah araon gan edirbhreatheamhnas?

Is amhlaidh sin ader aithne Chriost, ó dtul égcoir aidherb do

thabhairt ar maoin do bhreth vaithe ar mhodh ar bioth.

354. An bhfuil agaid, acht comharrdha na dtioghlacadh sin adhubhr as isin tsuiper d'énchuid, jna bhfuilid na tioghlaice fein arna dtabhairt dhuínn da riribh?

Os sé ar dtigearna Criost an fhírinde fein, ni hinghabhtha amharus go gaoimhlionfaidh sé na geallta tug sé dhuínn and sin; ar sin ni hamhairseach lium amhail ata sé ag fiadhnaisiughadh le foclaibh, & le comarrdhaibh go ndén se lucht comhparta dhíne ar a shubstaint fein, jondas go gcomhfhásam maille ris an'én bheathaidh.

355. Achd, ciondas is fhedir so do dhénamh, ar mbeth do chorp CHRIOST tar neamh, & sinde fós ar talmhain ar d'eoraigheacht?

Ata se aga dheanamhso le bríogh jongantaigh, mhiorbhuiligh, shécredigh a Spiorade fein, da nach deacair na nech ata anjonadaibh fad ó chéle do chur abfhochair a chéle.

356. Maseadh ni hiomhaigheand tú an corp do bheth jata isin aran no an fhuil isin cupa.

Nj jmhaigheam choighche, acht is mó th-

[TD 103]

uigim mar so, jondas go selbheocham firinde na comharrdha, gurab égin ar nindtinde do thogbhail an'aird ar neamh, amball abfhuil Criost angloir athar, & jna shlánaightheoir: & aderim gurab égcoir, & gurab diomhaoin do jarrthar é isna duílibh talmhaidhese.

357. Do chum go gcruindeacham ani adubhras ata tu dearbhadh da ní do bheth isin tsuiper; agon, aran, & fion, neoc do chiotar les na suilibh, greamaighthear les na lamhaibh, blaistear les an mbeul, ina dhiaidh sin Criost le mbeathaighear ar nanmanda don taobh stigh (amlaidh marbhvdheadh) le beathaidh chorportha fein?

Is fíor sin, & is jontuicthe so go soich sin go bfuil eserghe arna dearbhadh dhuínn and sin, ar bfhagail ornise duínn mar bhudheadh go bfuilid, fein ag faghail chomhaoinighe do chomharrdha na beathadh.

DOMH. 54.

358. Creud bhias jna thoradh direach laghamhaile don tsacramentse?

Mac samhla anech ata Pòl do dhefiniughadh, & dfoill siughadh; aghon, duine da chésnughadh, & da dhearbhadh fein suil téd chuire.

359. Creudrandsaigheas se isin dearbhadh sin?

An bfuil sé jna bhall fhirinneach do Chriost.

360. Creud iad na hargumente le dtig se se go fios aneach sin?

Da raibhe aithridhe, & credeamh firindeach aige: da raibhe gáol
achomharson aige le chroidhe: da raibhe jnntinn ghlan aige 0 gach

[TD 104]

vile fhuath, & dhroch thoil.

361. An bfuil tu diarraidh isin dnjne credeamh, & grádh foirfe?

Is jomchubhaidh go demhin ambeth araon fallan jomshlan 0 gach vile
chelg, acht is diomhaoin jarrthar foirfeacht coimhcheart is nach
fedfaide ní ar bioth dhiarraidh: an méd nach bfeidir anoiread sin
dfaghail feast vadh nduine: ar an adhbhar sin do budh diomhaoin do
bhiadh an Sacrament arna hordughadh, muna bheth neoch ar bioth re
ghabhail, ach duine foirfe.

362. Maseadh nj bfuil a neamhfoirfeacht ata fos jondaind agar
mbacadh do dhul?

Acht is mo is inghabhtha; dá mbeam vile foirfe, nach, biadh
gnathughadh no tabhacht ar bioth ag an tsuiper inar measg, neoch do
dhligheadh abheth ina cuidiughadh d'ar neamhfoirfeachtne.

363. Ané nach bfuil crióch ele ordaighthe ag an Tsacramentse do
bharr?

Is comhairdha, & is suaigheantus mur bhudheadh ar n'admhala maraon
jad: oir atamaid agadmhail ar gcredimh abfochair dhaoine ele: &
atamaid ag fiadnaisiughadh aon chomhthoil chredimhe do bheth againd
agcriost.

364. Da dteagmhadh den neóch tarcaisne do dhenamh fa gclea'chtadh,
creud is indeanta ina dtimchiol?

Do bin' bhreathnaighthe so go tuilltenach abheth cáim lùbach ag
sènadh Chríost a bfirmide antí ata mar sin do bhriogh nach fiu les é
fen

[TD 105]

d'admhail abheth na Criostaighe, is nemdhióngmhálta é re aireamh
ameasg na gcriostaigheadh.

365. Ané gurab lór angabhail én vair amhain rer nvile bheathaidh.

Is lór gan amharus èn bhaisteadh, jondas gurab nemhcheadaigheach a
jarraidh, no dhenamh arís, acht is contrairdha do sin modh an
tsuiper.

366. Creud é an teadardheallughadh ata eatorra?

Ag so é; ata an tigearna ag'ar ngabhail jnar macaibh ochta & agar mbreth isteach jna eaglais fein trés an mbaisteadh, jondas mbimis aige ó sin amach nar lucht tige, tarés ar ngabhala dô ina bhuidhin: ata se ag fiadhnaisiughadh gnath chúraim do bheth aige adtimchiol ar noileamhna trés an tsuiper.

DOMHNACH. 55.

367. ANé go mbeanann freasdal an bhaistigh, & antsuipar ris anuile go coitchiond?

Ni beanann feast: acht is les na daoinibh da dtuca aithne dhenamh teagaisg go coitchiond na cotcha sin go hairide: oir ataid na nechese ar a gceangla a bfochair chéle do ghnáth an'eaglaise do bhuachaileacht, no do sherbhisiughadh le teagasg an tslunaighe, & an tsacramenteadh do fhreasdal.

368. Bfedar leat a'níse do dhearbhadh dhamh le fiadhnaise an Scrioptur?

Do thug Criosd aithne da Apstolaibh do dhenamh baisd, ag tabhairt an tsuiper, amach; do

[TD 106]

iarr se oraind a esiomlair do leanmhuin, & aderid na Suighscel ar mbeth dó aga roind, go dearna sé fein oific Ministir choitchiond.

369 Ane go n'dlighid na buachaileadha rer taobhadh an feadhmantasa ann gach aon aít, & gan togh do legean chuide?

Méd bheanas ris an mbaisteadh, do bhriogh nach dtabharthar aniuh é, ach do chloind bhig, ni bfuil eadardhealughadh and: acht is jn bheth don Ministir faicilleach isin tsuiper; gan, a síneadh do neoch, is follus do abheth nemhdhiongmhalta.

370. Creud vime sin?

Do bhriogh nach dentaoj é abfégmhais scandaile, & tsalchair na Sacramente.

Ane nach budh dhiongmhalta le Criost Iudas ar gcomhaoineochasa ar mbeth nemhdhiongmhalta dhó?

Admhuim ar mbeth da ajngidheacht folraigheach fos: oir gen go raibhe si an'ainmfios do Christ, ni tanaic si asoillse, & abfios daoine.

371. Maseadh creud do nithear ris na cealgoraibh?

Ni fedand an buachaile agcur t'ar anais, mar dhaoine nemhdhiongmhalta, ach dlighid sé síneadh do chur jonta, no go bsoillsigheadh Dia anolc jondas gomadh follus do daoinibh é.

372. Creud mas aithnidh dó fein, jno ma do ghébhadh se rabhadh neoch do bheth nemhdhiongmhalta?

Ni lór sin go demhin da gcur ar gcúl on gco-

[TD 107]

mhaoineochasa, muna tig fios; & tuigse laghamhail, & breatheamhnas na Heaglaise maille ris.

373. Maseadh is égin ordughadh daingean guibhernorachta do bheth is na Heaglaisibh?

Is firindeach sin: oir nj fédir ar modh ele ambheth modhamhail deaghbhésach, no arna suidhiughadh go laghamhail: & is se so an modh; foirfidh no seanora do togha, do bheradh breatheamhnas ar deaghbhésaibh, & ar mjbhésaibh, & do dhenadh coimhed, & gnáth fhaire fa scandailibh do sheachna, & an lion is aithnidh doibh gan a mbeth aibel jomchubhaidh do ghabhail an tsuiper ar módh ar bioth; & nach mo fédir a ngabhail chnice muna salchar an Tsacrament, jad sin do thelgean amach on gcomaoineochadh, fínit.

Don rígh shuthain, nemhthruailligheach, neamhfhaicsinach, do DHIA ghlic amhain, onoir, agus gloir go saoghal na saoghal, biodh amhlaid. 1. TIM. 1. 17.

[TD 108]

VRRNAIDHTHE.

ROIMH TSEARMOIN.

A DHE bhiothbhuaain & a Athair is mó trócaire, atamaoid aga admhail, & ga thuigsin and so abfiadhnuise do chumhachtadh diadhasa, go bfuil maoid vilé, & gach aon dînd leath ar leath inar peacthachaibh truagha anbfanda arar ngeineamhain, & ar ar mbreith, & arar noileamhain, & ar ar naltrum apeacadh, & anainméin, & anurchoid, & anaingidheacht, & anolc imharcach. Oír atá anfheoil, & na cuirp, & toil na gcorp ré cheilé ag troid & ag teand chathughadh anadhaidh ar nanmand, & ar Spiorad do ghnath, & tig da bhrídh sin duínd, bheith ag briseadh, & ag buan rébadh haitheantadh naomhtha neamh fhallfasa, & do thoile diadha in gach vair, & ingach aimsir da dtig dhúind, & da reir sin ag tuilleadh bháis, & dhamnaidh dhúind do reir do cheirt bhreitheamhnuisse damadh ceirt bhreitheamhnus bhudhail leat do dhenamh oraind. Gidheadh a Athair neamhtha an mhéid, & go bfuilmaoid diumbach dhind fein anois ar son na peacadh do rindeamar go ro vathmhur anadhaidh do thoilese. Atamaoid ag denamh aithreachais, & aithridhe neimh chealgaidhe jondta sin anois do rér do thoilese Athighearna, & a atamaoid go lánumhal agad ghuidhese anainm, & anonoir do Mhic inmhuin Iosa Criosd do thrócaire & do thromghrása do dheonachadh dhuind. Agus do

[TD 109]

Spiorad naomhtha do neartughadh, & do mhedughadh indaind, & ar nuile pheacadh do mhaitheamh dhuind. Iondas ar dtuigsin duind ar locht, & ar lán vrchoide, & ar ndroch ghníomhartha ó iochtar, & ó inmheadhon ar gcroidheadh go bfeadmaid ó so suás ar dtoile pheacthacha do mharbhadh, & do mhór mhuchadh, & ní he sin amhain acht deagh oibrighthe do dhenamh jna naít, & ina nionadh go himchubhaidh, mar is fearr tig red thoil mhoir bheandaidhese, & ní har son mhairheas ar noibrightheagh fein sin an la bhudh fhearr iád, acht ar son thuillteanais, & thróm vmhla, & páise, & peandaide do Mhic mhorchumhachtaidhse Iosa Criosd ar naon slanuightheoir, neoch tugabhairse mar ofrael, & mar iodhbairt ar sgath peacaidh na ndaoine: & atá adheirbhfois agaid nach diultand tú dhuind fa en ní da niarrmuid ort anainm, & anonoir an Mhic sin, & atâ do Spiorad naomhtha aga dhe arbhadh dhuind inar gcoinsiansuibh gurab tú ar Nathair trén trocuireach, & go bfníl an mhéidsin do ghradh agad oraínd do chland ar son Iosa Criosd nach eidir lé hénni do ghrása naomthasa, & do chaibhneas aithreamhail do tharraing vaind. Duitsé vimé sin a Athair neamhdha neart chumhachtaidh maille ris an Mac mormiorbhuileach, & ris an Spiorad neimh meirbh naomh biodh gach vile onoir, & ard ghloir anois, & tré bioth fíor.

BIODH AMHLAIDH.

[TD 110]

ORRTHA DHIADHA INRADHA GACH
vair dá dtoigeora tú aradha.

ONoir & adhmoladh, glóir, & gnathbhuidheachas duitse a Thighearna, & a Dhé na nuile chumhacht, & a Athair neamhdha, neamhmeasarrdha, ar son thuile throcaire, & do chaibhneas charrthanáigh, do nochtas, & do shoillsidhis oraínd, mar do dheonaidh do mhaitheas grásamhail, led thoil throcairigh fein, sinde do thogha do chum ar slánúighe, roimh thosach an tsaoghail, & aleithed oile sin do bhuidheachas duit, ar son ar gcruthaidhe, do reir cosmhulachta fhioghrach fein, & ar son ar saortha lé fuil fhiornaomhtha do Mhic mhorghrádhaidh fein, sa nám arabhamur damanta go huilidhe, & ar son gur bheandaidh thú sind, led Spiorad naomhtha, abfoillsiughadh, & a dtuigsin do bhriathar mbithbhuanas, & ar son cuidighe, & chumhanta lind, nar nuile fheidhm, & riachtanasaleas, & ar son ar bfuasglaidh ó gach vile chuntabhairt chuirp & anma, & ar son ar gcomhfhurtachta go cairdeamhail, nar nuile amgharaibh, & ar son ar bfulaing abfad daimsir gan dioghaltus ar peacadh do dhenamh oraínd, Acht ag tabhairt aimsire fada rè haithrighe dhuínn. Agas mar thuigmaod a Athair is mó trócaire, na tioghluicese adubhramar, dfaghail duínn od mhaitheassa amháin, mar an gcedna atámaid gudghuidhe anainm do Mhic inmhúin Iosa Criosd, do Spiorad naomhtha fein do dheonachadh dhúin, as go madh edir lind do ghnáth, bheith ag tabhairt bhuidheachais

[TD 111]

duitse, ag sior leanmhuin na firinde, & ag faghail comhfhurtachta
vaitse, nar nuile dhoghruindibh, & dhocamhlaibh, a Thighearna
daingnidh ar gcreideamh, & fadoidh e nisa mó, adteas, & angrádh mar
dhlighmaoid duitse, & dar gcomharsandaibh, na fuluing duínn a Athair
ghrádhaidh, do bhriathra do dhul ní asiá dhuínn indi omhaoines. Acht
deonaidh dhuínn do ghnáth, comhfhurtacht do ghrás, & do Spiorad
naomhtha. Iondas go bfeadmaoid adhragh dod hainm naomhthasa, ler
gcroidheadhaibh, & ler mbria bith, & ler ngiòmharthaibh. Médaidh
fein a Thighearna, & cuir aleithe do Ríghacht, & do chumhachta
jondas go bfédaimne bheith làn no diolta dod dheagh thoilse, gidhbé
ar bith ní do dheonuidhis dhuinn, a Athair ghrádhaidh na léig oraind
uireasbhuidh na neitheand, nach bfeadmaoid theacht na bfégmhuis, do
dhénamh do tseirbhise. Acht beandaidhfe sind, & oibridhe ar lámh ré
chéile, iondasgo mbiadh ar riachtanas aleas againd, gan ar néire do
bheith ar chách, acht go madh mó bhiam in chuidighe léo, déna
trócraire oraind a Thighearna, & ar ar nuile lochtaibh. Agas ar
bfaicsin gurab mór na fiocha, do mhaith thusa dhuínn ar son Iosa
Criosd, tabhair oraind an mhéidsin do bharr gráidh do thabhairt
duitse, & dar gcomharsandaibh, bí fein againd ad tathair, & ad
cheand feadhna & ad tfear dídin, congaibh agad sind ad láimh
throcairidh, anám ar nuile bhuaidhearrtha, dar saoradh óna huile
vrchoidibh & do chrichnudhadh ar mbeathadh, a numhlu, & a-

[TD 112]

nonorudh hanma naomhthasa, tríd Iosa Criosd ar Dtighearna & ar naon
slanuighthoir. Amen.

A Thigerna go madh gnáth dhidean duínn, do lámh chumdhachtachsa; &
do sgiáth dhióna ar ar sgáth, agas gomadh slanughadh duínn do
thrócaire, agas do chaibhneas an Iosa Chriosd, do Mhac carrthanach,
& gomadh lán teagasg dhúinn do bhriathra naomthasa, agas go madh
comhtsólas & comfhurtacht dúinn, do ghrásasa, & do Sbioradnaomhtha,
go deireadh & andeireadh ar mbeathadh go himlán, &c.

A Dhe na nuile chumhacht atamaoid go tedargh uidhe, go ma toil leat
foirfidheacht, & buaine, & daingne do thabhairt dúinn ad chreideamh
bheodha, aga mhedughadh jondaind gach hénla, no go bfasam go
lántomhas ar nuile cheart, & fhoirfidheachta an Iosa Chriost re
ndenam ar bfaisidigh ag radha na mbriatharsa. Creidim, &c.

DIA an Thighearna dar mbeandachiabh, & dar gcoimhed: Diá an
Tighearna dfoillseachadh, & do thaisbenadh tsoillse agnuise féin
duind & do dhenamh trocaire oraind, Día an tighearna diompodh a
ghnuise gradhaighe chugaind, do dheonachadh atsiothchuinhe fein
dúind.

GRadh DE Athar vile chumhachtaigh, & grasa, & trocaire ar Dtighearna
Iosa Criosd, comaoineachadh, & comhfhurtacht an Sbioradh naomh, do
bheith do gnáth maille rind go himlan.

BIODH AMHLUIDH.

FINID.